



Seirbhísí nuálacha cúraim
sláinte á gcur ar fáil do níos
mó ná 1,000,000 custaiméir



CLÁR ÁBHAIR

Bhord na Stiúrthóirí	2
An Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin	4
Athbhreithniú an Chathaoirligh	8
Athbhreithniú ar Oibríochtaí	12
Tuarascáil na Stiúrthóirí don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2015	18
Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	22
Tuarascáil na nIníúcháirí Neamhspleácha	23
An Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Caillteanais	24
An Clár Comhdhlúite Comhardaithe	25
Clár Comhardaithe an Bhoird	27
An Ráiteas Comhdhlúite ar Shreafaí Airgid	28
Ráiteas an Bhoird ar Shreafaí Airgid	28
An Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas	29
An Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach	29
Ráiteas an Bhoird ar Athruithe ar Chothromas	30
Ráiteas an Bhoird ar Ioncam Cuimsitheach	30
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	31
Faisnéis Fhorlíontach	55
Bainistíocht Fuinnimh agus Inbhuanaitheacht	56
Sonraí na Cuideachta	57

BHORD NA STIÚRTHÓIRÍ

1. Liam Downey

Cathaoirleach

Tá Liam Downey ina iar-Phríomhfheidhmeannach ar rannóg na hÉireann de Becton Dickinson, mórchuideachta dhomhanda teicneolaíochta leighis. Bhí sé ina Chathaoirleach ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ina Uachtarán ar Chónaidhm Fhostóirí na hÉireann, ina iontaobhaí agus ina chomhalta boird de chuid Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), ina Chathaoirleach ar an gCumann Feistí Leighis agus ina chomhalta den Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais. Is céimí de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é, is Comhalta Cairte é den Institiúid um Fhorbairt Foirne agus is Comhalta de chuid Foras Bainistíochta na hÉireann é.

2. John O'Dwyer

Príomhfheidhmeannach

Tháinig John O'Dwyer go Vhi Healthcare ón ngrúpa idirnáisiúnta árachais de chuid na hÍsiltíre, Achmea, áit a raibh sé ina Phríomhoifigeach Oibriúcháin agus ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus é freagrach as na réimsí gnó Saol, Ginearálta agus Sláinte ina gcuideachta Ghréagach Interamerican, an dara cuideachta árachais is mó sa Ghréig. Tá taithí fhairsing ag John i seirbhísí airgeadais agus go háirithe in earnáil an árachais sláinte. Sular ceapadh é ina phost reatha, bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta le Friends First Life Assurance, ina Stiúrthóir Oibriochtaí le BUPA Ireland agus ina Leas-Phríomhfheidhmeannach le Vhi Healthcare, agus é freagrach as Éilimh. Ina theannta sin, bhí sé ina Chathaoirleach neamhfheidhmiúcháin ar Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála.

3. An Dr Ruth Barrington

Bhí an Dr Ruth Barrington ina Príomhfheidhmeannach ar Molecular Medicine Ireland ó 2007 go 2012, ina Príomhfheidhmeannach ar an mBord Taighde Sláinte ó 1998 go 2007 agus ina Rúnaí Cúnta sa Roinn Sláinte agus í freagrach as beartas ospidéal. Is céimí í de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (Stair agus

Polaitíocht) agus de chuid Choláiste na hEorpa sa Bheilig, agus bhronn Scoil Eacnamaíochta Londan dochtúireacht uirthi. Is í an Dr Barrington údar Health, Medicine and Politics in Ireland 1900–1970 agus bhí sí ina Gobharnóir agus ina Cathaoirleach araon ar an Irish Times Trust, agus ina Stiúrthóir Boird, Irish Times Ltd. Faoi láthair tá sí ina Cathaoirleach ar an Ionad Náisiúnta um Thaighde Leanaí, ina Cathaoirleach ar TREOIR, ina Stiúrthóir ar an bhFondúireacht do Thaighde Leighis Leanaí, agus ina iontaobhaí de chuid Genio.

4. Joyce Brennan

Is achtúire í Joyce Brennan a bhfuil taithí breis agus 25 bliain aici. Is Stiúrthóir Feidhmiúcháin í le IPT agus tá sí ina Cathaoirleach ar bhoird iontaobhaithe cistí pinsean chun sármhaitheas a chinntiú sa rialachas, sa chinnteoireacht agus i mbainistíocht leanúnach na bpleananna pinsin. Roimhe seo bhí sí ina Stiúrthóir le KPMG agus ina Príomhaí le Mercer. Bhí Joyce ina comhairleoir leis an Údarás Árachais Sláinte agus leis an Roinn Sláinte maidir le hárachas sláinte príobháideach a rialáil, agus bhí sí ina Cathaoirleach ar choiste cúraim sláinte Chumann na nAchtúirí in Éirinn. Bhain sí MBA amach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus is Comhairleoir Cáilithe Airgeadais í.

5. Seamus Creedon

Is achtúire cáilithe é Seamus Creedon agus tá sé ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin le roinnt cuideachtaí árachais saoil, árachais ghinearálta agus athárachais in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Bhí sé ina chomhalta de ghrúpa páirtithe leasmhara árachais agus athárachais an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde go dtí 2016. Bhí sé ina chomhpháirtí in KPMG, Londain freisin áit a raibh sé i gceannas ar an gcleachtas achtúireach agus bhí sé ina Leascheannaire ar an gcleachtas achtúireach domhanda dá chuid. Roimhe sin bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Lifetime, Cuideachta Árachais Saoil Bhanc na hÉireann agus mar Cheannaire na Forbartha Corparáidí san Eoraip ar son Bhanc na hÉireann.

6. Celine Fitzgerald

Chuaigh Celine Fitzgerald leis an mBord in 2010. Is sainchomhairleoir bainistíochta í a sholáthraíonn seirbhísí i measc roinnt earnálacha. Idir 2007 agus 2012, bhí sí ina POF ar chuideachta um Sheachfhoinsiú Próiseas Gnó atá bunaithe in Éirinn. Ceapadh ar Bhord Ervia í le déanaí agus bhí roinnt ról sinsearach aici chomh maith san earnáil teileachumarsáide, Eircom agus Vodafone ina measc.

7. Finbar Lennon

Is céimí leighis de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é Finbar Lennon agus bronnadh M.Sc. sa Mháinliacht Thurgnamhach ó Ollscoil Alberta, Ceanada air sa bhliain 1982. Ba mháinlia comhairleach é in Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha, 1983–2012. Ba Chomhairleoir Leighis é do Bhord Sláinte an Oir-Thuaiscirt, 1997–2004, agus ba chomhairleoir páirtaimseartha é don Ard-Rúnaí sa Roinn Sláinte, 2012–2014. Is léachtóir oinigh le máinliacht sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é faoi láthair agus glacann sé páirt sa chlár teagaisc fochéime. Ina theannta sin, is comhalta é de Choiste Cleachtais Ghairmiúil agus Coiste Iompraíochta Chumann Cógaiseoirí na hÉireann.

8. Declan Moran

Tá BSc san Eolaíocht Ríomhaireachta ag Declan Moran agus is Comhalta d'Institiúid na nAchtúirí é ó 1994 i leith. Tháinig sé go Vhi Healthcare in 1997 ón tionscal árachais saoil agus pinsean agus ceapadh ar Bhord Stiúrthóirí Vhi Healthcare é in 2008. Ó mhí na Samhna 2011 go mí Iúil 2012, bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach Gníomhach ar Vhi Healthcare. Go dtí seo, bhí sé freagrach as punann táirgí Vhi Healthcare a bhainistiú, agus as táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt.

9. Paul O'Faherty

Achtúire é Paul O'Faherty agus is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é ar roinnt cuideachtaí i réimsí na seirbhísí airgeadais agus na hinfheistíochta. Go dtí 2013, bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Mercer Ireland agus ina Chathaoirleach ar chuideachtaí Marsh McLennan in Éirinn. I gcaitheamh a thréimhse mar shainchomhairleoir in Mercer, chuir sé comhairle ar an Roinn Sláinte ar feadh go leor blianta maidir le saincheisteanna árachais sláinte. Is Comhalta de Chumann na nAchtúirí in Éirinn é agus iar-Uachtarán air. Chomh maith leis sin, is iar-Chathaoirleach é ar Chumann Cistí Pinsean na hÉireann.

10. Greg Sparks

Iar-chomhpháirtí é Greg Sparks de chuid RSM Farrell Grant Sparks. Anuas ar bheith ar Bhord Headstrong, tá Greg ar Bhoid éagsúla san earnáil phríobháideach in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear Digicel, an t-oibreoir guthán póca sa Mhuir Chairib, áit a bhfuil sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta. Bhí Greg ar Bhord The Irish Times, eircom agus an Bhoid Infheistíochta Straitéisí i dTuaisceart Éireann, agus bhí sé ina Chathaoirleach ar Ospidéal an Choim ar feadh roinnt blianta.

11. Brian Walsh

Tháinig Brian go Vhi Healthcare i mí na Samhna 2014 mar Stiúrthóir Airgeadais agus ceapadh ar an mBord é i mí an Mhárta 2015. Tháinig sé ó DPI Specialty Foods Inc, Los Angeles, rannóg de Ornua, áit arbh é Príomhoifigeach Airgeadais na rannóige é. Tá DPI ar cheann de na dáileoirí bia speisialtacha is mó sna Stáit Aontaithe. Tá os cionn 1,800 fostaí acu agus ioncam bliantúil sa bhreis ar \$1 billiún. Roimhe sin, bhí ról Bhoid agus ról shinsearacha feidhmiúcháin aige i dtionscail idirnáisiúnta na seirbhísí airgeadais, na teileachumarsáide agus na n-earraí pacáistithe do thomhaltóirí (FMCG) san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe le mórchuideachtaí ar nós Citibank, Deutsche Telekom agus eir. Comhalta é Brian de Chuntasóirí Cairte Éireann agus bhain sé a cháilíocht amach le PwC.

Chríochnaigh Terry O'Niadh a théarma oifige an 18 Iúil 2015

Chríochnaigh John Melvin a théarma oifige an 14 Márta 2015

Chríochnaigh Martin Sisk a théarma oifige an 14 Márta 2015



AN FHOIREANN BHAINISTÍOCHTA FEIDHMIÚCHÁIN

1. John O'Dwyer

Príomhfheidhmeannach

Tháinig John O'Dwyer go Vhi Healthcare ón ngrúpa idirnáisiúnta árachais de chuid na hÍsiltíre, Achmea, áit a raibh sé ina Phríomhoifigeach Oibríúcháin agus ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus é freagrach as Árachas Saoil, Ginearálta agus Sláinte le Interamerican, an dara cuideachta árachais is mó sa Ghréig. Tá taithí fhairsing ag John i seirbhísí airgeadais agus go háirithe in earnáil an árachais sláinte. Sular ceapadh é ina phost reatha bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta leis an gcuideachta árachais saoil Friends First, ina Stiúrthóir Oibríochtaí le BUPA Ireland agus ina Phríomhfheidhmeannach Cúnta le Vhi Healthcare agus é freagrach as Éilimh. Ina theannta sin, bhí sé ina Chathaoirleach neamhfheidhmiúcháin ar Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála.

2. An Dr. Bernadette Carr

Stiúrthóir, Leigheas, MD, FRCPI, MPH, LFOM

Is lia í Bernadette Carr a bhfuil taithí fhairsing chliniciúil agus thaighde aici. I measc a cuid cáilíochtaí tá Dochtúireacht Leighis ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ceadúnach den Dámh um Míochaine Shaothair, Máistreacht sa tSláinte Phoiblí, agus Dioplóma sa Deirmeolaíocht Phraiticiúil (Caerdydd). Toghadh í ina Comhalta de Choláiste Ríoga na Lianna in Éirinn in 1996. Tháinig Bernadette go Vhi Healthcare sa bhliain 1994 mar Stiúrthóir Leighis agus i measc na bhfreagrachtaí atá uirthi tá: caidreamh le soláthraithe agus idirbheartaíocht le haghaidh conarthaí, forbairt leighis agus cúraim sláinte, soláthar seirbhísí leighis agus folláine. Is í Bernadette ceannionadaí Vhi Healthcare i mórthionscadal taigne de chuid na hEorpa faoin gCreat FP7, tionscadal ina ndéantar staidéar ar na héifeachtaí móilíneacha agus fiseolaíocha a bhíonn ag stíl mhaireachtála ar an diaibéiteas.

3. John Creedon

Stiúrthóir, Éilimh

Tá John Creedon ina Stiúrthóir ar Vhi Healthcare ó 1996 agus bhí roinnt post sinsearach aige laistigh de Vhi Healthcare roimhe seo. Tá John freagrach as seirbhís, riarachán agus íocaíocht fhoriomlán na n-éileamh in Vhi Healthcare agus tá sé freagrach, chomh maith, as bainistiú agus riarachán an ghnó aonair agus chorpáraidigh go léir. Tá BSc ag John Creedon i bhFeidhmchlár Ríomhaire ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

4. Adam Lyon

Príomh-Oifigeach Riosca

Is achtúire é Adam Lyon a bhfuil taithí breis is 25 bliain aige san árachas agus i seirbhísí airgeadais sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Tháinig Adam go Vhi go luath sa bhliain 2013. Roimhe sin bhí sé ag obair mar Bhainisteoir Ginearálta na Forbartha Gnó leis an gcuideachta árachais saoil Friends First. Tá taithí aige ar a lán feidhmeanna éagsúla tar éis dó bheith i gceannas ar mhargaíocht, ar dhíolacháin, ar airgeadas, ar fhorbairt táirgí agus ar sheirbhís do chustaiméirí i ról a bhí aige roimhe seo. Is Comhalta d'Institiúid na nAchtúirí é agus is Comhalta de Chumann na nAchtúirí in Éirinn é.

5. Margaret Molony

Stiúrthóir, Teicneolaíocht Faisnéise

Tá taithí níos mó ná 30 bliain ag Margaret Molony in Vhi Healthcare agus tá sí freagrach as seirbhísí teicneolaíochta faisnéise san eagraíocht. Bhí roinnt post sinsearach ag Margaret laistigh de Vhi Healthcare in Athrú Gnó, i mBainistíocht Clár agus i mBainistíocht Oibríochtaí sular ceapadh ina ról reatha í. Ceapadh í ina Stiúrthóir, Teicneolaíocht Faisnéise in 2008. Is ball í, chomh maith, de Chónaidhm Idirnáisiúnta Árachais na hÉireann agus de Chumann Alumni INSEAD.

6. Declan Moran

Stiúrthóir, Margaíocht agus Forbairt Gnó

Tá BSc san Eolaíocht Ríomhaireachta ag Declan Moran agus is Comhalta d'Institiúid na nAchtúirí é ó 1994 i leith. Tháinig sé go Vhi Healthcare in 1997 ón tionscal árachais saoil agus pinsean agus ceapadh ar Bhord Stiúrthóirí Vhi Healthcare é in 2008. Ó mhí na Samhna 2011 go mí Iúil 2012, bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach Gníomhach ar Vhi Healthcare. Go dtí seo, bhí sé freagrach as punann táirgí Vhi Healthcare a bhainistiú, agus as táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt.

7. Michael Owens

Stiúrthóir, Acmhainní Daonna

Tháinig Michael Owens go Vhi Healthcare in 1999 ó Coyle Hamilton (Willis), áit a raibh sé ina Stiúrthóir Acmhainní Daonna. Tá taithí ilghnéitheach agus fhairsing aige in Acmhainní Daonna, taithí a bhain sé amach i roinnt earnálacha éagsúla, lena n-áirítear árachas, miondíol agus déantúsaíocht. Chomh maith leis sin, bhí Michael ar roinnt bord deonach, lena n-áirítear Éacht Sóisearach ('Junior Achievement') agus Ó Ghnó go dtí na hEalaíona ('Business to Arts'), áit a raibh sé ina Chathaoirleach ar feadh roinnt blianta. Is é Michael an Cathaoirleach Náisiúnta ar CIPD Ireland faoi láthair. Comhalta é den Institiúid Chairte um Fhorbairt Pearsanra agus tá Dioplóma cóitseála bainte amach aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath mar aon le BA i gCaidreamh Tionsclaíoch ó Choláiste Náisiúnta na hÉireann.

8. Tony McSweeney

Stiúrthóir Bainistíochta, Vhi Healthcare

Tháinig Tony McSweeney, atá ina bhall d'Institiúid Mhargaíochta na hÉireann agus ina Chomhalta d'Institiúid Díolachán na hÉireann, go Vhi Healthcare ón tionscal árachais saoil agus pinsean in 1996. Tá Tony freagrach ina ról as gach gníomhaíocht a bhaineann le Díolacháin agus le Coinneáil i measc bhallraíochtaí corparáideacha agus aonair Vhi. Anuas air sin, tá sé freagrach as an Ionad Gnó um Sheirbhísí do Chustaiméirí atá bunaithe i gCill Chainnigh, an phríomhláthair do chustaiméirí ar mian leo teagmháil a dhéanamh le Vhi Healthcare.

9. Brian Walsh

Stiúrthóir, Airgeadas

Tháinig Brian go Vhi Healthcare i mí na Samhna 2014 mar Stiúrthóir Airgeadais agus ceapadh ar an mBord é i mí an Mhárta 2015. Tháinig sé ó DPI Specialty Foods Inc, Los Angeles, rannóg de Ornua, áit arbh é Príomhoifigeach Airgeadais na rannóige é. Tá DPI ar cheann de na dáileoirí bia speisialtachta is mó sna Stáit Aontaithe. Tá os cionn 1,800 fostaí acu agus ioncam bliantúil sa bhreis ar \$1 billiún. Roimhe sin, bhí ról Bhoird agus ról shinsearacha feidhmiúcháin aige i dtionscail idirnáisiúnta na seirbhísí airgeadais, na teileachumarsáide agus na n-earraí pacáistithe do thomhaltóirí san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe le mórchuideachtaí ar nós Citibank, Deutsche Telekom agus eir. Comhalta é Brian de Chuntasóirí Cairte Éireann agus bhain sé a cháiliocht amach le PwC.




LÍNE CHABHRACH
ÉILEAMH VHI
MILLIÚN
GLAOCH
TÓGTHA Ó
CHUSTAIMÉIRÍ

AONAD SPEISIALTA
IMSCRÚDUITHE VHI

€18.5
MILLIÚN
FAIGHTE AR
AIS IN 2015

RIACHTANAIS NA
GCUSTAIMÉIRÍ Á
GCOMHLÍONADH

926,000
ÉILEAMH
PRÓISEÁILTE



A blurred background image of a call center. In the foreground, a woman with long brown hair is seen from the side, wearing a headset and typing on a black keyboard. In the background, another woman in a red top is also wearing a headset and looking at a computer screen. The scene is dimly lit with a purple and blue color cast.

Réitigh níos cliste á bhforbairt
chun **srian a choinneáil ar
chostais agus seirbhísí ar
ardchaighdeán a chur ar fáil.**

Ba bhliain an-suntasach do Ghrúpa Vhi í 2015 sa mhéid is gur údaraigh Banc Ceannais na hÉireann Vhi Insurance DAC mar Chuideachta Árachais Neamhshaoil agus Vhi Healthcare Ltd mar Idirghabhálaí Árachais. Thosaigh na haonáin nua-údaraithe ag trádáil an 31 Iúil 2015. Tá údarú ár ngnó árachais leighis phríobháidigh tar éis an eagraíocht a chur ar bhonn maith rialála, tacóidh sé le seachadadh ár straitéise gnó sna blianta atá amach romhainn agus beimid in ann fás, trína thuilleadh éagsúlaithe, dá thoradh.



Ina theannta sin, chruthaíomar go maith ó thaobh airgeadais de arís in 2015. €45.5 milliún an barrachas iarchánach a baineadh amach, mar aon le figiúr feabhsaithe de €521 milliún le haghaidh cúlchistí ag deireadh mhí na Nollag 2015.

Údarú Vhi

Bhí údarú Vhi ag Banc Ceannais na hÉireann ag teastáil le go mbeadh Vhi ag comhlíonadh Threoracha Árachais Neamhshaoil AE. Is é Vhi an Chuideachta Árachais Ghinearálta údaraithe is mó dá bhfuil ag feidhmiú in Éirinn anois. Ba phríomhchuspóir de chuid Vhi le cuid mhaith blianta anuas é an sprioc seo a bhaint amach agus, dá thoradh sin, ba mhór an chloch mhíle don eagraíocht, dá fostaith agus do níos mó ná milliún custaiméir an t-údarú a bhaint amach in 2015.

Ba thionscadal casta é seo agus baineadh an t-údarú amach i gcúinsí eacnamaíochta dúshlánacha. Bhí ar Vhi a chur ina luí ar an mBanc Ceannais go raibh sé dea-chaipitlithe agus bhí air a thaispeáint go raibh plean gnó straitéiseach láidir aige chun inmharthanacht leanúnach Vhi amach anseo a chinntiú. Tá feidhmíocht láidir ghnó mar aon le srianadh dian costais le blianta beaga anuas tar éis cur ar ár gcumas ár seasamh sócmhainneachta a neartú go mór. Ina theannta sin, ardaíodh €90 milliún d'fhofhiachas ó Berkshire Hathaway de bhreis ar an socrú athárachais atá i bhfeidhm leo cheana féin, rud a neartaigh ár gcúlchistí rialála a thuilleadh. Léirigh sé seo muinín láidir in Vhi agus ina thodhchaí agus chinntigh sé go raibh Vhi in ann riachtanais sócmhainneachta Bhanc Ceannais na hÉireann a chomhlíonadh gan aon chúnamh airgeadais ón Státchiste.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach aon duine a bhí páirteach san obair fhada agus dhúshlánach seo. Is é an chloch is mó ar ár bpaidrín anois ná coinneáil orainn ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm ár straitéise gnó le go mbeidh rath leanúnach agus breise ar Ghrúpa Vhi.

Dúshlán a bheidh roimh an gcúram sláinte in Éirinn amach anseo

Tá dúshlán an-tromchúiseach roimh Éirinn ó thaobh déimeagrafaice agus cúram sláinte de. Tá an daonra is óige san Aontas Eorpach ag ár dtír faoi láthair ach meastar go rachaidh ár ndaonra in aois níos tapúla ná aon tír eile sna blianta beaga atá amach romhainn. Faoi mbliain 2031 beidh beagnach 1 mhilliún duine in Éirinn 65 bliain d'aois nó níos mó agus is ina measc siúd atá os cionn 85 bliain d'aois a bheidh an céatadán is airde d'ardú. Is sa ghrúpa sin, ar ndóigh, atá na riachtanais is mó ó thaobh cúram sláinte de. Cé go bhfuil daoine ag maireachtáil níos faide anois, toradh air sin is ea go meastar go mbeidh galair ainsealacha i bhfad níos coitianta sna blianta atá amach romhainn. Tá impleachtaí móra ag na forbairtí seo don

chóras cúraim sláinte trí chéile in Éirinn. Do Vhi go háirithe, ag a bhfuil an sciar is mó de chustaiméirí níos sine agus níos tinne i margadh an árachais sláinte phríobháidigh, is dúshlán mór iad.

I bhfianaise na dtreochtaí seo a bheidh ann amach anseo ó thaobh an daonra a bheith ag dul in aois agus galair ainsealacha a bheith ag éirí níos coitianta, tá sé bunriachtanach go rithfear reachtaíocht shásúil don mhargadh, go gcosnófar Poblárátú, agus go neartófar Comhionannú Riosca agus go ndéanfar níos éifeachtaí é.

An gá le Poblárátú a chur ag obair go héifeachtach

Ní mór don Rialtas níos mó a dhéanamh chun an margadh árachais leighis phríobháidigh (ÁLP) poblárátaithe a chosaint le reachtaíocht a chinntiú go bhfuil sé chomh tarraingteach céanna árachais a thabhairt do dhuine atá 80 bliain d'aois agus atá sé árachais a thabhairt do dhuine atá 30 bliain d'aois. Is meicníocht é an Comhionannú Riosca a úsáidtear go coitianta i dtíortha ina bhfuil córais árachais sláinte Phoblárátaithe, chun na costais éileamh níos airde a bhaineann le custaiméirí níos sine agus níos tinne a scaipeadh go cothrom i measc na n-árachóirí sláinte príobháideacha ar fad i gcomhréir le próifíl aoise agus sláinte a gcuid custaiméirí. Is gnách go ndéanann árachóirí a bhfuil níos mó ball níos óige agus níos sláintiúla acu íocaíochtaí aistritheacha le hárachóirí eile a sheasann costais éileamh níos airde a bhaineann le líon díreireach de chustaiméirí níos sine agus níos tinne.

Fágann easnaimh ar an Scéim Comhionannaithe Riosca (SCR) go bhfuil scothroghnú daoine óga sláintiúla fós go mór chun cinn i margadh ÁLP na hÉireann. Gan SCR cuimsitheach éifeachtach, ní thugann árachóirí árachais do bhaill níos sine agus níos tinne agus bíonn an iomaíocht dírithe ar bhaill óga shláintiúla, ar féidir brabús a dhéanamh orthu, a mhealladh. Ní hé sin is fearr do leas na dtomhaltóirí a bheadh níos fearr as dá mbeadh an margadh ÁLP á spreagadh chun éifeachtúlacht éileamh agus dearadh táirgí fiornuálacha a sheachadadh seachas bheith ag díriú ar phróifíl aoise/sláinte a gcustaiméirí a bhainistiú.

Stádas aoise agus sláinte an dá thoisic riosca is suntasaí de ghnáth taobh istigh de SCR cuimsitheach. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta ó thaobh creidmheasanna aoise de le forbairt na scéime in Éirinn, níl creidmheasanna stádais sláinte éifeachtach faoi láthair – is athróg ionadach lag iad creidmheasanna úsáide leapacha ospidéal, a tugadh isteach in 2013, do stádas sláinte. Tá an beart sin thar a bheith lochtach ó tharla go n-íoctar é le gach éilitheoir beag beann ar a stádas sláinte agus gur creidmheas seasta é nach gcuireann san áireamh cé chomh dona is atá an riocht leighis atá i gceist. Molaimid don Rialtas bearta eile a mheas chun tionscnaimh stádais sláinte a neartú láithreach taobh istigh den SCR.

Tá Vhi meáite ar bheith ag obair leis an Roinn Sláinte, leis an Udarás Árachais Sláinte agus leis an Aire chun teacht ar SCR atá cóir agus níos éifeachtaí, lena n-áirítear creidmheasanna sláinte a thugann léiriú níos fearr ar bhunstádas sláinte custaiméirí.

Ar nóta dearfach, thosaigh an margadh ÁLP ag cobhsú le linn 2015 tar éis tréimhse dheacair eacnamaíochta a chuir a lán amach as an margadh. Is léir gur chúinse é an geilleagar a bheith ag feabhsú ach, chomh maith céanna, tá tionscnaimh Rialtais ó thaobh Poblárátú Saoil agus rátaí lascaire do dhaoine fásta óga a thabhairt isteach i mí na Bealtaine 2015 tar éis cabhrú le custaiméirí níos óige a mhealladh isteach sa mhargadh agus lena gcoinneáil ann. Molaimid don Rialtas féachaint ar a thuilleadh beart chun tarraingteacht ÁLP do chustaiméirí níos óige a fheabhsú, ar nós cur leis na lascainí do dhaoine fásta óga.

Nótaí Buíochais

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le bainistíocht agus le foireann Vhi as ucht a gcuid dianoire, díograise agus diongbháilteachta leanúnaí chun na dúshlán ghnó a sháru agus teacht ar réitigh dár gcuid custaiméirí. Bhí a dtiomantas ar cheann de na príomhchúiseanna ar éirigh le Vhi údarú a fháil ó Bhanc Ceannais na hÉireann. Is mian liom freisin aitheantas a thabhairt do mo chuid comh-Stiúrthóirí Boird as a ndearna siad, as a dtiomantas agus as a dtacaíocht i rith bliain dhúshlánach. Is mian liom buíochas a ghabháil le Martin Sisk, ar tháinig deireadh lena théarma mar Chathaoirleach ar Bhord Vhi i mí an Mhárta 2015, as a thiomantas agus a cheannaireacht shocair ar Vhi. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Terry O'Niadh agus le John Melvin freisin, ar tháinig deireadh lena dtéarmaí oifige le linn na bliana. Ceapadh Comhaltaí Boird nua, an Dr Finbar Lennon agus Brian Walsh, le linn 2015 agus athcheapadh Celine Fitzgerald, an Dr Ruth Barrington agus Seamus Creedon. Chabhraigh na ceapacháin sin le scileanna agus saineolas tábhachtach a chur leis an mBord, nó a choinneáil sa Bhord, le linn tréimhse ina bhfuil athruithe suntasacha ag tarlú san eagraíocht.

Ag breathnú chun cinn

Anois atá údarú bainte amach, is féidir le Vhi breathnú chun cinn le muinín i dtreo a chuspóirí straitéiseacha a sheachadadh amach anseo. Mar chuid de sin leathnóidh Vhi a seirbhísí sláinte ar mhaithe lena cuid custaiméirí ar fad. Creidim go bhfuil deis mhór ann do Vhi chun leas a bhaint as a scála agus as a shaineolas leighis chun cineálacha nua cur chuige i leith cúram sláinte a cheapadh, rud a sholáthróidh buntáiste iomaíoch don ghnó ach a thabharfaidh torthaí cúraim sláinte inacmhainne agus níos fearr dár gcuid custaiméirí freisin.

Mar a luadh níos luaithe, tá an daonra ag dul in aois agus tá daoine ag maireachtáil níos faide le tinneas níos ainsealaí, rud a fhágann go gcaithfidh ár múnlaí cúraim sláinte a leasú chun dul i ngleic leis na forbairtí sin. Chun é sin a dhéanamh, beidh orainn bheith níos nuálaí fós inár gcur chuige i leith sochar agus saineolas breise a chur ar fáil agus cóir leighis á cur ar dhaoine a bhfuil tinnis den sórt sin orthu amach anseo. Tá mé thar a bheith muiníneach go sáróidh Vhi an dúshlán seo.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcuid custaiméirí, níos mó nó milliún acu ar fud na hÉireann, as a dtacaíocht leanúnach agus as an muinín leanúnach a chuireann siad inár dtáirgí agus seirbhísí.



Liam Downey
An Cathaoirleach

€45.5
MILLIÚN
BARRACHAS
IARCHÁNACH

€521
MILLIÚN
CÚLCHISTÍ

€90
MILLIÚN
FOFHIACHAS Ó
BERKSHIRE
HATHAWAY

31 IÚIL
2015
ÚDARAITHE
AG AN MBANC CEANNAIS

CHUN CINNÓ THAOBH
ATHRUITHE DE

1ú

CLINICÍ SWIFTCARE VHI
AN CHÉAD LÍONRA
D'IONAID CÚRAIM
PHRÁINNIGH IN ÉIRINN


DEARBHAITHE
Ó THAOBH
CÁILÍOCHTA DE
100%

BHAIN CLINICÍ SWIFTCARE
VHI 100% AMACH I NGACH
CATAGÓIR DE PHRÓISEAS
DEIMHNITHE ISO

DÍRITHE AR
NA HOTHAIR
+11%

CHUIR CLINICÍ VHI SWIFTCARE
CÓIR LEIGHIS AR 8,000 DUINE
SA BHREIS IN 2015 LE HAIS 2014





Clinicí Vhi SwiftCare chun cinn
ó thaobh **seirbhísí cliniciúla**
nuálacha a chur ar fáil.

Ba bhliain chinniúnach do Vhi í 2015. I mí Iúil, d'údaragh Banc Ceannais na hÉireann ár gcuideachta frithgheallta árachais Vhi Insurance DAC agus ár n-idirghabhálaí miondíola Vhi Healthcare Limited. Rinne ár ngnó comhdhlúite glanbharrachas €45.5 milliún agus íocadh €1.378 billiún ar éilimh, agus réitigh cúraim sláinte á seachadadh chun riachtanais leighis ár gcustaiméirí a shásamh. I gcaitheamh na bliana a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh uirthi, mhéadaigh Vhi a chúlchistí go dtí níos mó ná €521 milliún. Neartaíodh ár gclár comhardaithe a thuilleadh nuair a chruinníomar caipiteal breise trí chomhaontú fofhiachais le Berkshire Hathaway, rud a chomhdhlúthaigh ár seasamh sócmhainneachta. Údar dóchais do thodhchaí an ghrúpa is ea muinín soláthraithe caipitil príobháideacha in Vhi mar aon lenár bhfeidhmíocht láidir airgeadais le ceithre bliana anuas.



Ina theannta sin choinníomar orainn ag cur leis an árachas leighis príobháideach atáimid a thairiscint agus lenár seirbhísí árachais eile agus choinníomar orainn ag sábháil airgid trínár gclár fairsing um shrianadh costais, rud a chabhraigh linn ár seasamh sócmhainneachta a chomhdhlúthú a thuilleadh. Ba mhór an rud é gur tháinig ardú ar líon ár gcuid ball den chéad uair le blianta fada.

Ina thuarscáil, luaigh an Cathaoirleach cé chomh tábhachtach is a bhí sé údarú ó Bhanc Ceannais na hÉireann a bhaint amach. Ba chasta an tionscadal é sin ó thaobh oibríochtaí de, ach tá an-deis ag Vhi anois a straitéis ghnó a chur i gcrích dá thoradh. Go háirithe, cuireann sé ar ár gcumas an réimse táirgí agus seirbhísí is féidir linn a thairiscint do chustaiméirí amach anseo a leathnú.

Tugadh Pobalráit Saoil isteach sa mhargadh freisin in 2015. Ag an am céanna, tugadh rátaí do dhaoine fásta óga isteach, rud a chuir ar chumas árachóirí den chéad uair rátaí laghdaithe a thairiscint do dhaoine fásta óga suas go dtí 25 bliain d'aois. Creidimid gurb é an toradh a bheidh ar an dá thionscnamh seo ná go mbeidh an margadh árachais sláinte níos láidre agus níos inbhuanaithe le himeacht ama agus go mbeidh níos mó daoine óga ag fáil árachas sláinte. Tá sé seo ríthábhachtach ó thaobh gach custaiméir árachais sláinte a bheith in ann na préimheanna a íoc. Cuireann sé an-áthas orm a thuairisciú gur ghlac a lán daoine lenár bpleananna nua saincheaptha dóibh siúd ar mhian leo árachas a fháil roimh spriocdháta an 1 Bealtaine. Ní mór dúinn coinneáil orainn ag tógáil air seo agus ag spreagadh daoine óga chun árachas sláinte príobháideach a thógáil amach d'fhonn an margadh árachais sláinte phríobháidigh Pobalráitithe, atá chomh luachmhar sin, a chothú san fhadtéarma.

Tháinig méadú ar ghnó nua in 2015, tháinig feabhas ar choinneáil custaiméirí agus, an ní ba thábhachtaí, tháinig feabhas ar dhearcadh ár gcustaiméirí i leith luach ar airgead agus bhí siad níos sásta muid a mholadh do dhaoine eile. In 2015, bronnadh gradam an Fheachtais Díolachán is Fearr ar ár bhfeachtas díolachán le haghaidh Pobalráit Saoil ag Gradaim CCMA 2015. Ina theannta sin, thugamar isteach lascaí leathphraghais le haghaidh préimheanna do pháistí ar réimse pleananna ag amanna éagsúla le linn na bliana.

Tháinig fás as cuimse ar ár dtáirge folláine corparáidí, Vhi LiveWell, le linn na bliana. Sa chuid dheireanach den bhliain, d'fhógair Vhi ardú beag praghais, 2% ar an meán, thar roinnt pleananna éagsúla ón 1 Samhain 2015. Ba é an t-ardú seo an ceann ab ísle sa mhargadh agus an chéad cheann le 20 mí. Bhí sé riachtanach chun an t-ardú ar an gcostas ar éilimh ár gcustaiméirí a chlúdach.

Is tosaíocht do Vhi fós é costais a bhainistiú. Cuireadh bearta éagsúla i bhfeidhm chun é sin a bhaint amach i gcaitheamh na bliana. Rinneadh monatóireacht ar úsáid, forbraíodh dea-chleachtais, bhí cláir spriocdhírthe um éifeachtúlacht éileamh ar siúl agus méadaíodh gníomhaíocht ár nAonaid Speisialta Imscrúdaithe Éileamh. Cuirimid fáilte roimh an gcomhaontú le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le Meabhrán Tuisceana faoina ndéanfar cuíchóiríú ar an gcaoi a gcuirtear éilimh isteach le hospidéal phoiblí. Tá an comhaontú seo chun an chaoi a gcuirtear éilimh ó ospidéal phoiblí isteach lena n-íoc, agus an chaoi a n-aisíoctar iad, a athrú. Rachaidh an córas seo chun leasa Vhi mar go mbeidh cinnteacht níos fearr ann de bharr éilimh a bheith á bhfógairt go luath agus mar go mbeidh infheictheacht fheabhsaithe ann de bharr mapáí de na leapacha in ospidéal a bheith á soláthar agus de bharr treochlár comhaontaithe le haghaidh ríomhéileamh do gach ospidéal poiblí.

Tá imní orainn, áfach, faoin gcostas ar leapacha in ospidéal phoiblí a bheith ag ardú. Foráiltear san Acht Sláinte (Leasú), 2013 do tháilli a thabhairt isteach do gach othar cónaitheach príobháideach, lena n-áirítear iad siúd atá i leapacha poiblí. Nuair a tugadh an reachtaíocht isteach, measadh nach mbeadh an costas breise a bhainfeadh leis seo níos mó ná €30 milliún in 2014 agus €45 milliún i mbliain iomlán. Tugann na sonraí ónár n-éilimh le fios, áfach, go mbeidh an costas níos mó ná sin.

Príomhthorthaí Airgeadais

Tugadh isteach Cleachtas Cuntasaíochta nua a bhfuil glacadh leis ar an 1 Eanáir 2015. Dá thoradh sin, bhí gá le hathrú beag ar an gcaoi a ríomhtar figiúirí agus tá figiúirí comparáideacha do 2014 athluaite le go mbeifear in ann iad a chur i gcomparáid le torthaí 2015.

Seo mar a bhí príomhthorthaí airgeadais Vhi i gcaitheamh 2015:

- Léirigh torthaí i ndiaidh cánach go dtí an 31 Nollaig glanbharrachas €45.5 milliún do ghníomhaíochtaí comhdhlúite Vhi le hais €54.5 milliún in 2014.
- €1.428 billiún an t-iomlán do phréimh Thuillte Chomhlán in 2015, laghdú beag le hais €1.451 billiún an bhliain roimhe sin. €27.8 milliún an t-ioncam ó tháirgí nach árachas sláinte iad i gcaitheamh na bliana. €5.5 milliún an t-ioncam ó infheistíochtaí, laghdú suntasach le hais 2014 de bharr fáлтаis ó bhannaí a bheith laghdaithe.
- Ag deireadh mhí na Nollag 2015 bhí saorchúlchistí €521.6 milliún ag Vhi, feabhsú suntasach de €55.3 milliún nó 12% le hais na bliana roimhe sin. Roinnt príomhthionscnamh gnó ar thug Vhi fúthu le blianta beaga anuas is cúis leis an neartú seo ar shaorchúlchistí, lena n-áirítear bainistíocht éileamh agus soláthraithe a fheabhsú. Ina theannta sin, neartaíodh ár seasamh sócmhainneachta a thuilleadh de thoradh fofhiachas €90 milliún a chruinniú ó Berkshire Hathaway.
- B'ionann na héilimh chomhlána iomlána a íocadh in 2015 agus €1.378 billiún, ardú 10% le hais €1.248 billiún in 2014. Léiríonn an t-ardú ar chostais éileamh le hais na bliana roimhe sin éifeacht iomlán na n-arduithe suntasacha ar Tháillí Ospidéal Poiblí a thug an Rialtas isteach in 2014.
- 8.2% cóimheas Vhi le haghaidh caiteachas oibriúcháin le hioncam ó phréimheanna, le hais 8.1% in 2014. Tá ár gcóimheas riaracháin an-éifeachtúil de réir caighdeáin idirnáisiúnta. 1,132 an meánlíon daoine a bhí fostaithe ag an mBord i gcaitheamh 2015, fostaithe páirtaimseartha san áireamh.

Riachtanais cúraim sláinte ár gcustaiméirí a mhaoiniú

Phróiseáil Vhi beagnach 926,000 éileamh i leith riachtanais cúraim sláinte a chuid custaiméirí i gcaitheamh 2015. As an iomlán sin, bhí níos mó ná 731,000 éileamh d'othair chónaitheacha agus do chúram lae ann agus 195,000 éileamh d'othair sheachtracha agus do chúram príomhúil. Bhain 78% d'éilimh ospidéil le cásanna lae agus taobhsheomraí agus is iad na héilimh sin ba chúis le 29% de chostais na n-éileamh. Ar an láimh eile, bhain 22% d'éilimh le hothair a coinníodh thar oíche nó níos faide, agus ba iad na héilimh sin ba chúis le 71% de chostais na n-éileamh ó ospidéal.

Ba iad seo na réimsí ba shuntasáí de chaiteachas ar éilimh i gcaitheamh 2015:

- Ailse agus cúram gaolmhar – €188.2 milliún
- Croí agus córas imshruthaithe – €159.8 milliún
- Cúram ortaipéideach, athchur cromáin, glúine etc san áireamh – €147.3 milliún
- Córas díleá – €102.1 milliún
- Tinnis riospráide – €72.3 milliún
- Lárchóras na néaróg – €70.2 milliún

(Tá na figiúirí sin bunaithe ar éilimh a bhaineann le hothair isteach in 2015 agus a próiseáladh suas go dtí lár mhí an Mhárta 2016)

€1.43
BILLIÚN
PRÉIMH
CHOMHLÁN
THUILLTE

€1.38
BILLIÚN
MÉID COMHLÁN
NA N-ÉILEAMH
A ÍOCADH

€28
MILLIÚN
IONCAM
Ó THÁIRGÍ
ÉAGSÚLAITHE

ATHBHREITHNIÚ AR OIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

Tionscnaimh chun an costas ar chúram sláinte a bhainistiú

Tá Vhi meáite ar chúram sláinte ar ardchaighdeán a sheachadadh ar chostas inacmhainne. Díreann inár straitéis um shrianadh costais ar bhealaí inar féidir linn úsáid níos fearr a bhaint as ár gcuid acmhainní. Mar shampla, tá torthaí airgeadais soiléire bainte amach ag ár seirbhís 'ospidéal sa bhaile', Vhi HomeCare, seirbhís eisiach nuálach atá ar fáil do chustaiméirí Vhi. Faoi seirbhís seo, cuirtear cóir leighis ar othair a mbeadh orthu dul isteach san ospidéal de ghnáth. Ó cuireadh tús léi sa bhliain 2010, tá an tseirbhís seo tar éis cóir leighis a chur ar níos nó ná 5,000 duine, 65,000 lá leapa ospidéil a shábháil, agus €23.8 milliún a shábháil.

Is cúis áthais dom a thuairisciú gur éirigh lenár nAonad Speisialta Imscrúdaithe Éileamh (ASIÉ) agus lenár bpróiseas um Athbhreithniú ar Úsáid méid suntasach airgid a shábháil arís; fuarthas ar ais níos mó ná €18.5 milliún in 2015. Tá Vhi ag úsáid anailísíocht sonraí chun cabhrú leis billeáil mhíchúil agus ró-úsáid seirbhísí leighis a shainaithint níos éasca. Ina theannta sin, dhírigh an ASIÉ ar réimsí eile, lena n-áirítear glaonna bailíochtaithe réamhíocaíochta agus iaríocaíochta ar chustaiméirí, aisghabhálacha ó thríú páirtithe, athbhreithniú cliniciúil/iniúchadh ar bhilleáil, agus ceisteanna ó chustaiméirí a leanúint go mion tar éis a ráiteas éileamh a sheiceáil. Tá an ASIÉ ag tabhairt faoi athbhreithniú fadréimseach faoi láthair ar na táillí drugaí a chuir ospidéal roghnaithe isteach.

Táirgí agus Seirbhísí Éagsúlaithe

Tá Vhi ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm straitéis éagsúlaithe táirgí le 10 mbliana anuas. Tá Vhi ag soláthar clúdach faoi láthair le haghaidh cóireáil fioclóireachta, árachas taistil, clár um chúnamh d'fhostaithe, scagthástáil leighis, cúram práinneach do thinnis agus gortuithe beaga, agus seirbhísí 'ospidéal sa bhaile' faoi stiúir dochtúirí comhairleacha. €27.8 milliún an t-ioncam ó ghnó éagsúlaithe in 2015.

- I gcaitheamh 2015, d'fhreastail beagnach 74,000 othar ar **Clinicí SwiftCare Vhi** chun cúram práinneach a fháil le haghaidh tinnis agus gortuithe beaga. Ina theannta sin, d'fhreastail custaiméirí ar sheirbhísí a dteastaíonn coinne lena n-aghaidh ag Clinicí SwiftCare Vhi, lena n-áirítear fisiteiripe, seirbhísí ortaipéideacha, seirbhísí x-gha agus leigheas spóirt, chomh maith le hobráidí beaga. Cuireann Ionaid SwiftCare chreidiúnaithe Vhi seirbhís cúraim phráinnigh ar fáil 365 lá sa bhliain.
- Liachtlanna Vhi** Is é Vhi an t-aon árachóir amháin a oibríonn saoraidí scagthástála tiomnaithe atá creidiúnaithe go hiomlán ag an gComhchoimisiún Idirnáisiúnta ó 2012 i leith mar aitheantas ar thiomantas leanúnach do sholáthar seirbhísí scagthástála ar ardchaighdeán. Chomh maith leis an scagthástáil leighis agus na scrúduithe sláinte a dhéantar inár liachtlanna i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, tá tionscnamh scagthástála ar an láthair againn ar a dtugtar LiveWell. Mar chuid den tionscnamh seo déantar na mílte scagthástáil ag cuideachtaí ar fud na hÉireann dá bhfostaithe. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2015, bhí níos mó ná 70,600 scagthástáil agus scrúdú sláinte déanta ó cuireadh tús leis na seirbhísí seo in 2009.

- Tá a lán **polasaithe árachais taistil** éagsúla ag Vhi a thugann roghanna éagsúla clúdaigh do chustaiméirí a fheifidh dá riachtanais cúraim sláinte fad is atá siad thar lear. D'éirigh go maith le **Vhi International** (a thugann árachas easaoránach do dhaoine a chuireann fúthu thar lear ar feadh níos mó ná sé mhí), árachas taistil Backpacker agus **Multi Trip ó Vhi Healthcare** i rith na bliana. D'éirigh go maith freisin le **Vhi Canada Cover** a tugadh isteach chun freastal go sonrach ar chustaiméirí ar mian leo leas a bhaint as an víosa oibre dhá bhliain le haghaidh Cheanada.
- Is é **Vhi Corporate Solutions** an ceannaire margaidh do chlár chúnaimh d'fhostaithe (CCF) in Éirinn. Tugann an fhoireann thiomnaithe seo ceardlanna agus seirbhísí CCF do níos mó ná 600 cuideachta ar fud na tíre agus freastalaíonn an tseirbhís ar bhreis is 200,000 duine. Ar na seirbhísí a chuireann an fhoireann seo ar fáil tá bainistíocht ar an strus a leanann teagmhais chriticiúla chomh maith le seirbhísí comhairleoireachta chun cabhrú le fostaithe dul i ngleic le fadhbanna airgeadais, dlí nó mothúchána a d'fhéadfadh bheith acu. Cuireann an fhoireann ár Seirbhís Sláinte Ceirde ar fáil freisin. Choinnigh an tseirbhís sin a creidiúnú SEQOHS (Seirbhís Sláinte Ceirde Shábháilte Éifeachtach Ardchaighdeán) in 2015 as ucht seirbhísí sláinte ceirde ar ardchaighdeán a sholáthar.
- I gcaitheamh 2015, choinnigh **Vhi Dental** air ag soláthar clúdach le haghaidh gnáthchóireála, scrúduithe fiacla agus glanadh san áireamh, chomh maith le sochair iontacha le haghaidh cóireáil níos costasaí, líonadh, corónacha agus cóireáil cuas frémhe san áireamh. Ina theannta sin, íocann Vhi Dental an fioclóir go díreach más ball de Líonra Fiaclóireachta Vhi é/í. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2015 bhí os cionn 400 fioclóir ag oibriú na scéime íocaíochta díri chun éascaíocht a dhéanamh do chustaiméirí Vhi Dental.

Freagracht Shóisialta Chorporáideach agus Urraíocht

Dé Luain 1 Meitheamh 2015, rinne Vhi urraíocht ar Mionmharatón na mBan Vhi 2015, an t-imeacht is mó dá leithéid ar domhan. Shiúil nó rith thart ar 37,000 bean an bealach 10k trí shraideanna chathair Bhaile Átha Cliath. Mar chuid den urraíocht, tugadh faoi fheachtas fairsing a seoladh i mí Feabhra 2015. Ghlac cuid mhaith réaltaí spóirt, traenáilaithe pearsanta agus saineolaithe leighis Éireannacha iomráiteacha páirt san fheachtas agus thug siad saintacaíocht do rannpháirtithe ar feadh ceithre mhí roimh an maratón, tríd an aip Vhi WMM 2015 a seoladh go speisialta, ar www.VhiWomensMiniMarathon.ie agus i nuachtán an Herald. Tá Vhi an-bhródúil as bheith luaite leis an maratón agus tá sé socráithe go leanfar den urraíocht go ceann cúig bliana.


In 2015, chuaigh Vhi i gcomhpháirtíocht leis an tionscnamh 'Blue September' den chúigiú bliain as a chéile i bhfeachtas a bhí ar siúl ar fud na tíre chun feachtas a ardú i measc na bhfear maidir leis na hailsí ar leith a d'fhéadfadh bheith orthu agus chun iad a spreagadh le dul faoi scrúdú má bhíonn imní ar bith orthu. I gcaitheamh na bliana, bhí Vhi páirteach arís sa Chomhpháirtíocht Jobnet/Worklink agus, go háirithe, sna himeachtaí Network/Get Work dá

gcuid. Cuireann Worklink oiliúint a bhaineann le poist ar fáil dóibh siúd a chaill a bpost agus, níos tábhachtaí, cabhraíonn sé le daoine ó thaobh dóchas, féinmhuinín agus braistint féinluacha a aisghabháil. Is cúis mhór áthais dúinn freisin bheith páirteach sa Chlár Éachtaí Sóisear, eagraíocht neamhbhrabúis a fhéachann le cultúr fiontraíochta a chruthú sa chóras oideachais.

Tuar

Ba chloch mhíle an-suntasach do Vhi agus dár milliún custaiméir é údarú Vhi ag Banc Ceannais na hÉireann i gcaitheamh 2015. D'fhill níos mó daoine ar an margadh árachais leighis phríobháidigh le dhá mhí dhéag anuas. Ba cheart go leanfadh an treocht seo ar aghaidh má leanann téarnamh an gheilleagair ar aghaidh mar atá tuartha. Bhí tréimhse an-dúshlánach ag an margadh agus daoine á fhágáil de bharr brú airgeadais le blianta beaga anuas. Táimid tar éis bheith ag obair lenár gcustaiméirí chun cabhrú leo a bpolasaithe a choinneáil trí réimse roghanna níos leithne fós a sholáthar agus an cúram sláinte is fearr a chur ar fáil ar phraghas réasúnta. Táimid sásta éisteacht le riachtanais ár gcustaiméirí agus freagairt dóibh agus bheith nuálach sna réitigh a mholaimid. Cuireadh fáilte roimhe sin agus chuir sé le fás ár mboinn custaiméirí i gcaitheamh na bliana.

Beimid ag díriú ar chúram custaiméirí agus ar bhainistíocht costais arís in 2016 ionas go mbeidh sé fós ar acmhainn ár gcustaiméirí íoc as árachas sláinte. Díreoidimid freisin ar shláinte agus folláine ár gcustaiméirí a fheabhsú. Chun é sin a dhéanamh, coinneoimid orainn ag nuáil agus ag cur leis an luach trí earraí agus seirbhísí nua a thabhairt go dtí an margadh.



John O'Dwyer
An Príomhfheidhmeannach

8.2%

**AN CÓIMHEAS
IDIR CAITEACHAS
OIBRIÚCHÁIN
AGUS IONCAM Ó
PHRÉIMHEANNA**

731,000

**ÉILIMH Ó OTHAIR
CHÓNAITHEACHA
AGUS ÉILIMH
CÚRAIM LAE A
PRÓISEÁLADH
IN 2015**

195,000

**ÉILIMH Ó
OTHAIR
SHEACHTRACHA
A PRÓISEÁLADH
IN 2015**

Sláinte agus folláine ár
gcustaiméirí á bhfeabhsú.





MIONMHARATÓN
NA MBAN VHI
GHLAC
37,000
BEAN

PÁIRT SAN IMEACHT DO
MHNÁ AMHÁIN IS MÓ DÁ
LEITHÉID AR DOMHAN

LIACHTLANNA VHI
70,600
SCAGTHÁSTÁIL
AGUS SCRÚDÚ
SLÁINTE
Ó 2009

VHI CORPORATE
SOLUTIONS
ROGHNAIGH
600

CUIDEACHTA VHI CHUN
CLÁIR CHÚNAIMH
D'FHOSTAITHE A CHUR AR FÁIL

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

Tá áthas ar na Stiúrthóirí an 59ú Tuarascáil Bhliantúil dá gcuid a chur i láthair de réir Alt 20 (1) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh, 1957. Áirítear leis an tuarascáil seo Cuntais an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh (Bord Vhi) agus na nótaí gaolmhara atá mar chuid de na Cuntais, agus ullmhaíodh iad de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gnóthais Árachais: Ráitis Airgeadais) 2015.

1. Príomhghníomhaíochtaí agus athbhreithniú ar an ngnó

Bunaíodh Bord Vhi faoin Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh, 1957 chun gníomhú mar Chomhlacht reachtúil chun árachas sláinte príobháideach a scríobh in Éirinn. Achtaíodh an tAcht Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú) 2008 chun atheagrú reachtúil Bhord Vhi a éascú chun iarratas péire d'fhochuideachtaí nua-chorpraithe Bhord Vhi ar údarú Bhanc Ceannais na hÉireann ("an Banc") a éascú. Corpraíodh Vhi Insurance DAC mar an t-aonán árachais agus corpraíodh Vhi Healthcare Limited mar an t-idirghabhálaí miandíola (mar aon le cead a fháil ón mBanc "Aonáin Rialáilte" a thabhairt orthu féin). De bharr ceanglais rialála, ní raibh sé cuí roinnt de na gníomhaíochtaí coimhdeacha a dtugann Bord Vhi fúthu a aistriú go dtí na hAonáin Rialáilte. Dá bhrí sin corpraíodh roinnt fochuideachtaí eile i ngrúpa Vhi. Cheap an tAire Sláinte an 31 Iúil 2015 mar dháta éifeachtach aistriú ghnó Bhord Vhi faoin Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú) 2008 agus dá réir sin aistríodh gnó árachas sláinte Bhord Vhi le hoibriú dlí chuig Vhi Insurance DAC ar an dáta sin. An 31 Iúil 2015 aistríodh gnó coimhdeach Bhord Vhi chuig Vhi Healthcare Limited. Aistríodh gnóthai árachais neamhshláinte Bhord Vhi go haonáin eile laistigh de ghrúpa Vhi trí bhithin comhaontuithe gnó agus aistrithe sócmhainní.

2. Torthaí agus Díbhinní

Cé go raibh údarú an Bhainc Ceannais i bhfeidhm ón 31 Iúil 2015 le haghaidh na n-aonán rialáilte, caitheadh leis na gnóthai sin mar ghnóthai a bhí i bhfeidhm cheana féin mar chuid de Bhord Vhi. Cuireadh cuntasaíocht díchumaisc i bhfeidhm de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102. Ní raibh aon tionchar aige sin ar chuntais chomhdhlúite Bhord Vhi. Tá tuilleadh eolais faoi mhodh na cuntasaíochta díchumaisc ar fáil i Nóta 1.

Leagtar amach na torthaí comhdhlúite don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 sa Chuntas Brabúis agus Caillteanas ar leathanach 24. Is ionann barrachas comhdhlúite Bhord Vhi i ndiaidh cánach don bhliain agus €45.5m (2014: €54.5m).

3. Athbhreithniú ar an ngnó agus forbairtí sa todhchaí

Tá athbhreithniú ar ghnó a rinneadh i rith na bliana, mar aon le tuairimí an Bhoird faoi fhorbairtí dóchúla sa todhchaí, i Ráiteas an Chathaoirligh.

4. Ráiteas comhlíonta na Stiúrthóirí

Adhmaimidne, Stiúrthóirí Bhord Vhi, go bhfuilimid freagrach as comhlíonadh gach dlí agus rialacháin infheidhme a bhaineann le hoibriúchtaí gnó Bhord Vhi a chinntiú.

Is é cuspóir Vhi tabhairt faoi ghnó de réir fhuarlitir agus bhrí an dlí, na rialachán agus na gcód ábhartha rialála, comhlíonta agus riosca a bhaineann lenár ngníomhaíochtaí rialáilte, chomh maith le beartais agus caighdeáin inmheánacha comhlíonta Vhi agus chun gníomhú go hionraic, go macánta agus go cóir lenár gcustaiméirí.

Leagtar amach raon, fealsúnacht agus cur chuige an lucht bainistíochta ar riosca comhlíonta rialála laistigh de Vhi inár mBeartas Comhlíonta.

Táimid tiomanta do thabhairt faoi gach céim réasúnta chun a chinntiú go gcomhlíonann Bord Vhi gach dlí agus rialachán ábhartha a bhaineann lenár n-oibriúchtaí gnó.

Tá socruithe agus struchtúir oiriúnacha i bhfeidhm ag an mBord Stiúrthóirí a dearadh chun a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí ábhartha Bhord Vhi go hábhartha.

Áirítear leis na socruithe rialachais:

- Struchtúr eagraíochtúil soiléir
- Línte freagracha dea-shainithe, comhsheasmhacha agus trédhearcacha
- Próisis éifeachtachta chun rioscaí a bhfuilimid nochta dóibh nó a bhféadfaimis a bheith nochta dóibh a bhainistiú, a mhonatóiriú agus a thuairisciú
- Meicníochtaí imleora rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear nósanna imeachta fóna riaracháin agus cuntasaíochta
- Córais agus rialuithe TF
- Beartais agus cleachtais i dtaca le luach saothair atá comhsheasmhach le bainistíocht riosca fóna agus éifeachtach agus a chuireann chun cinn í

Tá feidhmeanna iniúchta inmheánaigh, bainistíochta riosca, comhlíonta agus achtúireacha atá neamhspleách mar bhonn agus mar thaca ag na socruithe rialachais agus tá línte díreacha tuairiscithe acu go dtí an Bord Stiúrthóirí.

5. Rialachas Corparáideach

Tacaíonn na Stiúrthóirí le prionsabail an Rialachais Corparáidigh a dtugtar breac-chuntas orthu i Riachtanais Rialachais Corparáidigh Bhanc Ceannais na hÉireann do Ghnóthais Árachais, mar aon leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cloíonn an Bord le forálacha na gCód atá infheidhme, seachas i dtaca le ceapadh agus le téarmaí oifige na Stiúrthóirí, a bhfuil an tAire Sláinte freagrach astu.

An Bord Stiúrthóirí:

Tá Stiúrthóirí an Bhoird ag 31 Nollaig 2015 liostaithe sa tábla ar an gcéad leathanach eile. Tá ról an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh ar leithligh. Ceapann an tAire Sláinte na Stiúrthóirí ar fad. Bhí naoi gcruinniú ag an mBord i rith 2015 agus bíonn sceideal foirmiúil ceisteanna aige a chuirtear in áirithe go sonrach chun cinneadh a dhéanamh ina leith, lena n-áirítear an plean straitéiseach foriomlán, pleananna bliantúla oibriúcháin, an tuarascáil bhliantúil agus na cuntais bhliantúla agus mórghníomhaíochtaí corparáideacha a fhaomhadh. Seoltar páipéir an Bhoird chuig gach comhalta i ndóthain ama roimh chruinnithe. Bíonn oiliúint agus treoir chuí ar fáil do gach Stiúrthóir nuair a cheaptar chuig an mBord iad, agus cuirtear oiliúint bhreise ar fáil ina dhiaidh sin, de réir mar is gá. Féadfaidh na Stiúrthóirí comhairle neamhspleách ghairmiúil a fháil. Bíonn fáil ag gach Stiúrthóir ar chomhairle agus ar sheirbhísí an Rúnaí agus tá clúdach árachas dliteanas Stiúrthóra i bhfeidhm. Tá próiseas i bhfeidhm ag an mBord chun breithmheas a dhéanamh ar a chuid feidhmíochta.

Freastal ar Chruinnithe an Bhoird agus Choistí an Bhoird a bhí ar siúl i rith na bliana airgeadais:

	An Bord		Iniúchadh		An Coiste Luach Saothair		Bainistíocht Riosca agus Comhlíonadh	
	A	B	A	B	A	B	A	B
Martin Sisk	2**	2					1	1
Seamus Creedon	7	9					5*	5
Celine Fitzgerald	9	9	3	4	3*	3		
Liam Downey	4**	9	0	1	1	3		
John Melvin	2	2					1	1
Terry O'Niadh	6	6					3	3
An Dr Ruth Barrington	9	9	4	4				
Paul O'Faherty	9	9	3	4			4	5
Joyce Brennan	9	9			3	3	4	5
Greg Sparks	8	9	4*	4				
Finbarr Lennon	7	7						
Declan Moran	9	9					5	5
John O'Dwyer	9	9	4	4	3	3	4	5
Brian Walsh	7	7	4	4			5	5

*Cathaoirleach an Choiste **Cathaoir an Bhoird

Colún A: Líon na gcrúinnithe sceidealta ar freastalaíodh orthu le linn na bliana ina raibh an Stiúrthóir ina c(h)omhalta den Bhord agus ina c(h)omhalta den choiste nó ag freastal ar an gcoiste

Colún B: Líon na gcrúinnithe sceidealta a tionóladh le linn na bliana ina raibh an Stiúrthóir ina c(h)omhalta den Bhord agus ina c(h)omhalta den choiste nó ag freastal ar an gcoiste

Tabhair faoi deara: Ceapadh Liam Downey ina Chathaoirleach ar Bhord Vhi i mí an Mhárta 2015 agus d'éirigh sé as mar chomhalta den Choiste Iniúchta agus mar Chathaoirleach den Choiste Luach Saothair i rith na bliana.

Ceapacháin/Éirí as i rith na bliana:

Martin Sisk – Chuaigh a théarma in éag an 14 Márta 2015
John Melvin – Chuaigh a théarma in éag an 14 Márta 2015
Terry O'Niadh – Chuaigh a théarma in éag an 18 Iúil 2015

An Coiste Iniúchta

Tá ceathrar Stiúrthóirí neamh-Fheidhmiúcháin ar an gCoiste Iniúchta. Tagann an Coiste Iniúchta le chéile ceithre huaire sa bhliain ar a laghad agus déanann sé athbhreithniú ar na cuntais bhliantúla, ar cheisteanna a bhaineann le rialú inmheánach agus ar éifeachtacht an iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh. Ina theannta sin, cuireann an Coiste Iniúchta moltaí faoi bhráid an Bhoird maidir le hiniúcháirí seachtracha a cheapadh agus déanann sé measúnú ar a noibiachtúlacht agus ar a neamhspleáchas. Déantar athbhreithniú freisin ar an bplean maidir le hiniúchadh seachtrach agus ar thorthaí an iniúchta ar na ráitis airgeadais. Leagtar amach príomhróil agus freagrachtaí an Choiste Iniúchta i dtéarmaí tagartha i scríbhinn.

Tá próiseas i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúchta chun a chinntiú nach mbíonn neamhspleáchas an iniúchta i gcontúirt, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar chineál agus ar mhéid na seirbhísí a sholáthraíonn na hiniúcháirí seachtracha trína athbhreithniú bliantúil ar tháillí a íoctar leis na hiniúcháirí seachtracha as seirbhísí iniúchta agus as seirbhísí neamhiniúchta.

An Coiste Luach Saothair

Tá Coiste Luach Saothair a cheapann an Bord i bhfeidhm freisin, ar a bhfuil an Cathaoirleach agus beirt Stiúrthóirí neamh-Fheidhmiúcháin. Bíonn an Coiste seo freagrach as iarrthóirí a mholadh le haghaidh ceapacháin ardbhainistíochta, agus as beartais luach saothair.

An Coiste Bainistíochta Riosca agus Comhlíonta

Tá Stiúrthóirí feidhmiúcháin agus neamhfeidhmiúcháin araon ar an gCoiste Bainistíochta Riosca agus Comhlíonta, agus is é a phríomhchuspóir maoirseacht, athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na gcóras comhlíonta agus bainistíochta riosca. Leagtar amach príomhróil agus freagrachtaí an Choiste Bainistíocht Riosca agus Comhlíonta i dtéarmaí tagartha i scríbhinn.

Rialú Inmheánach

Tá éifeacht tugtha ag an mBord do na moltaí a dhéantar i Rialú Inmheánach: Treoir do Stiúrthóirí maidir le Cód Rialachais Chorpáraidigh d'Institiúidí Creidmheasa agus Gnóthais Árachais mar aon leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá na Stiúrthóirí freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an Bhoird agus as a éifeachtúlacht a athbhreithniú, agus comhlíonann siad an fhreagracht sin trí chruinnithe rialta an Choiste Iniúchta. Tá an fhreagracht as cur i bhfeidhm an chórais sin tarmilghe acu don Bhainistíocht Feidhmiúcháin ó lá go lá.

Soláthraíonn an córas rialaithe inmheánaigh ráthaíocht réasúnta, seachas ráthaíocht iomlán, go bhfuil na sócmhainní á gcosaint ó úsáid nó ó dhiúscairt neamhúdaraith agus go bhfuil taifid chuntasaíochta chuí á gcoimeád agus gur iontaofa í an fhaisnéis arna soláthar leo, le haghaidh úsáid inmheánach agus foilsíú araon.

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015 (AR LEANÚINT)

Is iad príomhghnéithe an chórais:

- ullmhaíonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh plean Iniúchta Inmheánaigh agus faomhann an Coiste Iniúchta é. Tuairiscíonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh don Choiste Iniúchta ar bhonn leanúnach.
- beartais, nósanna imeachta agus struchtúir fhoirmiúla eagraíochtúla lena dtacaítear le timpeallacht rialaithe láidir;
- cuirtear sraith chuimsitheach faisnéis bhainistíochta agus táscairí feidhmíochta i dtoll a chéile gach mí. Dá bharr sin bítear in ann monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn le hais cuspóirí níos fadtéarmaí agus ar bhuiséid bhliantúla, treochtaí a mheas agus gníomhú i ndáil le hathraithe. Ullmhaítear buiséid mhionsonraithe go bliantúil i gcomhthéacs pleananna straitéiseacha níos fadtéarmaí agus déantar iad a nuashonrú go rialta;
- áirítear leis an straitéis gnó, leis an bpleanáil agus leis an bpróiseas buiséadta anailís ar na mórrioscaí gnó a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht. Próiseas leanúnach is ea measúnú riosca ar a leagann an Bord béim shuntasach;
- déantar nósanna imeachta cuntasáíochta a dhoiciméadú, timthriallta idirbhirt a shainiú, clár ama cuntasáíochta a mhionsonrú, comhéadain uathoibriocha a rialú, próisis athbhreithnithe agus réitigh a chur i bhfeidhm, dualgais a scaradh agus teorainneacha údaraithe a sheiceáil;
- leithdháileadh freagracht i ndáil le gach mórfheidhm ghnó do chomhaltaí foirne a bhfuil taithí agus cáilíochtaí acu;

Rinneadh athbhreithniú féinmheasúnaithe i rith na bliana ar éifeachtúlacht ár mbeartais rialaithe inmheánaigh agus tá an Bord sásta go bhfuil córas fóna rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm.

6. Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh cuntais Bhord Vhi ar bhonn gnóthas leantach agus shásaigh na Stiúrthóirí dóibh féin go mbeidh dóthain acmhainní ag an mBord chun leanúint ar aghaidh ag oibriú agus chun freastal ar riachtanais sócmhainneachta don todhchaí intuartha. Nuair a bhí an dearcadh seo á chruthú, mheas na Stiúrthóirí gur cuí amhlaidh a dhéanamh ar bhonn Phlean Oibriúcháin an Bhoird don bhliain 2016, measúnuithe ar thástáil struis, struchtúir fheabhsaithe rialachais a bheith i bhfeidhm agus torthaí oibriúcháin sásúla i rith 2015 a chuir tuilleadh le staid láidir na sócmhainneachta.

Tá an Bord sásta nach nathróidh tabhairt isteach Threoir Sócmhainneachta an Aontais Eorpaigh (dá dtagraítear mar 'Sócmhainneacht II'), a bhí i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2016, a chumas a riachtanais acmhainní airgeadais a chomhlíonadh go hábhartha.

7. Luach Saothair na Stiúrthóirí

Tá leibhéil an luacha saothair bhliantúil don Chathaoirleach agus do gach Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin leagtha síos ag an Rialtas amhail €31,500 agus €15,750 faoi seach ón 1 Eanáir 2015.

8. Rioscaí bunairgid agus príomhéiginnteachtaí

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar chomhlachtaí cur síos a thabhairt ar na rioscaí bunairgid agus ar na príomhéiginnteachtaí atá le sárú acu. Cinneadh rioscaí bunairgid agus príomh-éiginnteachtaí Bhord Vhi trí rioscaí féideartha do chaipiteal, do luach, d'imbhuanaítheacht agus do chlú a mheas de réir dearcadh straitéiseach agus oibriúcháin agus taifeadtar leibhéil lamháltais riosca Vhi sa Ráiteas ar Ghoile Riosca a d'fhaomh an Bord.

Déanann an Bhainistíocht Feidhmiúcháin iad a mhonatóiriú agus a bhainistiú agus tuairiscítear orthu don Bhord Stiúrthóirí go rialta. Tugtar achoimre orthu thíos.

a. Rioscaí ó Chomhionannú Riosca Neamhleor

Is próiseas é comhionannú riosca a bhfuil d'aidhm aige costais éileamh na sealbhóirí polasaí níos airde riosca, níos sine agus níos míshláintiúla a leathadh i measc na gcuideachtaí árachas sláinte príobháideacha ar fad sa mhargadh. Sa chás nach bhfuil an córas comhionannaithe riosca go hiomlán éifeachtach tá bagairt ann do mhargadh pobalráitithe ina mbíonn difríochtaí suntasacha i bpróifílí riosca idir árachóirí iomaíocha. Is meicníocht choitianta é comhionannú riosca i dtíortha ina bhfuil córais árachas sláinte phobalráitithe. Níl an Scéim Comhionannaithe Riosca in Éirinn, dar le Vhi, ach saghas éifeachtach agus cruthaíonn sé míbhuntáiste iomaíoch d'árachóirí a chlúdaíonn scair dhíreireach sealbhóirí polasaí níos airde riosca, níos sine agus níos míshláintiúla agus riosca bainteach do chaipiteal, do luach agus d'imbhuanaítheacht.

b. Rioscaí ó Bhoilsciú Leighis agus ó Dhaonra ag dul in Aois

Eascaíonn boilsciú leighis as forbairt teicneolaíochtaí, drugaí agus cóir leighis nua chomh maith le méaduithe ar chostais saothair agus ionchuir eile. De bharr boilsciú leighis agus an daonra a bheith ag dul in aois méadaíonn an t-éileamh ar chóir leighis agus ar a costas. Tuarann Vhi go bhféadfadh boilsciú leighis níos gasta ná an gnáthbhoilsciú agus cruthaíonn sé sin riosca d'ínamhainneacht árachas sláinte príobháideach agus d'fhás an mhargaidh árachas sláinte príobháideach saorálach.

c. Rioscaí ó athruithe reachtaíochta agus rialála

Tá soláthraithe árachas leighis príobháideach agus seirbhísí cúram sláinte gaolmhara in Éirinn faoi réir reachtaíocht agus rialáil an Aontais Eorpaigh agus na hÉireann. Tá rioscaí ann go bhféadfadh athruithe reachtaíochta nó rialála a imríonn tionchar ar fheidhmiú na margaí árachas leighis príobháideach agus seirbhísí cúram sláinte méaduithe a chruthú ar chostas sealbhóirí polasaí árachas leighis príobháideach nó costais bhreise ábhartha a chur ar sholáthraithe árachais nó seirbhísí cúram sláinte.

d. Riosca Infheistíochta

Tá Vhi nochta do raon rioscaí maidir lena phunann infheistíochta. Áirítear orthu sin:

- Riosca margaidh nuair nach bhfuil na laghduithe ar luachanna infheistíochta ar aon dul le hathruithe ar luach ár ndlíteanas agus nuair a imríonn riosca geopholaitiúil agus maicreacnamaíoch tionchar orthu
- Riosca creidmheasa nuair a theipeann ar ár gcontrapháirtithe a n-oibleagáidí uile nó cuid díobh a chomhlíonadh
- Riosca leachtachta nuair nach dtagann uainiú na híocaíochta dlíteanais agus infhaighteacht acmhainní airgid le chéile

Infheistíonn Vhi go príomha in urrúis dhaingne d'ardchaighdeán a dtagann a dtéarma le nádúr gearrthéarmach ár ndlíteanas de réir beartais infheistíochta stuama a chuireann an lucht bainistíochta i bhfeidhm agus a ndéanann siad monatóireacht orthu agus a dtuairiscítear orthu go minic don Bhord.

e. Rioscaí Eile

Tá Vhi faoi réir raon rioscaí eile freisin, lena n-áirítear riosca oibriúcháin (an riosca go dtarlódh teip dhaonna, córas nó próisis), riosca straitéiseach (an riosca go nglacadh an Bord leis an straitéis mhícheart nó nach n-éireodh lena cur i bhfeidhm) agus riosca árachais (an riosca nach mbeadh praghsáil préimheanna nó cúlchistí éileamh imleor de bharr luaineacht, dhéine, mhinicíocht agus uainiú na n-éileamh). Tá catagóirí tábhachtacha riosca ann freisin a ndéantar monatóireacht ghníomhach agus bainistiú orthu chun a chinntiú go bhfeidhmíonn an gnó laistigh den Ghoile Riosca a leag an Bord amach.

9. Íoc Pras Cuntas

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air as a chinntiú go gcomhlíontar forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 (arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach [íocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála], 2012). Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dátaí ar a mbíonn sonraisc dlite le híoc a aithint agus chun íocaíochtaí a dhéanamh ar na dátaí sin, agus dá réir sin, tá an Bord sásta gur chomhlíon Bord Vhi riachtanais na Rialachán.

10. Gnóthais fochuideachtaí

Tugtar liosta d'fhochuideachtaí agus de ghnóthais eile an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2015 i nóta 32.

11. Iar-theagmhais

Tugtar mionsonraí faoi na hiar-theagmhais i ndiaidh an 31 Nollaig 2015 i nóta 30.

12. Taifid Chuntasaíochta Imleora

Ghlac na Stiúrthóirí le bearta oiriúnacha chun comhlíonadh cheanglais ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 a chinntiú agus aird ar thaifid chuntasaíochta a choimeád. Is iad na bearta sonracha ar glacadh leo foireann cuntasaíochta atá cáilithe go cuí a fhostú agus córais oiriúnacha chuntasaíochta a choimeád. Tá na leabhair chuntas i dTeach Vhi, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

13. Iniúcháirí

Leanann na hiniúcháirí, Deloitte, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla, ar aghaidh in oifig de réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Ráiteas ar fhaisnéis a nochtadh le hIniúcháirí

A mhéad is atá a fhios ag gach duine de na Stiúrthóirí in oifig ar dháta fhaomhadh na ráiteas airgeadais seo;

- níl aon fhaisnéis iniúchta nár nochtadh do na hIniúcháirí, agus
- ghlac siad leis na céimeanna uile chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus chun a bhunú go bhfuil Iniúcháirí Bhord Vhi ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Thar ceann an Bhoird



Liam Downey
Stiúrthóir

22 Márta 2016



Greg Sparks
Stiúrthóir

22 Márta 2016

RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí agus as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus na rialachán mar is infheidhme.

Éilíonn dlí na gcuideachtaí in Éirinn ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoi dlí, chinn na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (“creat tuairiscithe airgeadais ábhartha”). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní féidir leis na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh seachas má tá siad sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dlíteanais agus ar staid airgeadais an Bhoird ag dáta deiridh na bliana airgeadais agus ar bharrachas nó ar easnamh an Bhoird don bhliain airgeadais agus go gcomhlíonann siad ar gach slí eile Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus na Ráitis Airgeadais seo á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta do Ráitis Airgeadais an ghrúpa a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- a lua ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus an tionchar a bhí ag aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin agus an chúis leis an imeacht ábhartha a lua; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin mura cuí a thiomhdiú go leanfaidh an Bord de bheith i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an Bord, nó go socraíonn sé go gcoimeádtar, taifid imleora chuntasaíochta a mhíníonn agus a thaifeadann i gceart idirbhearta an Bhoird, a chuireann ar a chumas gur féidir ag am ar bith sócmhainní, dlíteanais, staid airgeadais agus barrachas nó easnamh an Bhoird a chinneadh le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na Stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí 2014 agus a chuireann ar a chumas na ráitis airgeadais a iniúchadh. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird a chosaint agus dá réir as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus as iontaofacht na faisnéise corparáidí agus airgeadais a bhíonn ar shuíomh gréasáin Vhi.

TUARASCÁIL NA NINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015, lena gcuimsítear Ráitis Airgeadais an Ghrúpa: an Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Caillteanais, an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach, an Clár Comhardaithe Comhdhlúite, an Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid agus an Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas, Ráitis Airgeadais na Máthairchuideachta: an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus an Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas agus na nótaí gaolmhara, 1 go 33.

Ba é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm nuair a ullmhaíodh ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta Dlí na hÉireann agus FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríochta Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus FRS 103, Conarthaí Árachais (“creat tuairiscithe airgeadais ábhartha”).

Déantar an tuarascáil seo chuig stiúrthóirí an Bhoird, agus chucusan amháin, mar chomhlacht. Tugadh faoinár gcuid oibre iniúcháireachta ionas go bhféadfaimis na nithe sin a cheanglaítear orainn a insint do chomhaltaí an Bhoird i dtuarascáil na n-iniúchóirí a insint dóibh agus ní dhearnadh an obair sin chun aon chríche eile. A mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní dhéanaimid aon fhreagracht a ghlacadh ná a ghabháil orainn féin d’aon duine ach amháin don Bhoird agus do chomhaltaí an Bhoird mar chomhlacht, i leith ár gcuid oibre iniúcháireachta, i leith na tuarascála seo, ná i leith na dtuairimí atá ceaptha againn.

Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iniúchóirí faoi seach

Mar a mhínítear níos iomláine sa ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir. Táimid féin freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairim a chur in iúl ina leith de réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Cuirtear de cheangal orainn faoi na caighdeáin sin cloí leis na Caighdeáin Eiticíúla d’Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chaighdeáin Iniúcháireachta.

Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil maidir leis na suimeanna sna ráitis airgeadais agus maidir leis na rudaí a nochtadh iontu, fianaise ar leor i chun urrús réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis sin measúnú ar an méid seo a leanas: cibé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an ghrúpa agus na máthairchuideachta agus cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach agus go himleor; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinne na stiúrthóirí; agus an cur i láthair foriomlán sna ráitis airgeadais. Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad sna ráitis airgeadais chun neamhchomhsheasmhacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun aon fhaisnéis is dealraitheach atá mícheart i dtaobh cúrsaí ábhartha de a shainaithint, bunaithe ar an eolas a fuaireamar fad a bhíomar ag tabhairt faoin iniúchadh, nó faisnéis atá neamhchomhsheasmhach leis an eolas sin. Má thugaimid aon mhír áiritis nó neamhchomhsheasmhacht ábhartha faoi deara, déanaimid breithniú ar na himpleachtaí dár dtuarascáil.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

I dtuairim seo againne:

- tugann ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar bharrachas an ghrúpa don bhliain dar críoch an tráth sin; agus
- ullmhaíodh ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus, go háirithe, de réir cheanglais dhlí na hÉireann.

Ábhair a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu trí eisceacht

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis an méid a leanas;

- Faoi fhorálacha an Achta Árachais Sláinte Shaorálaigh, 1957.
- Faoi gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (‘an Cód’), ceanglaítear orainn tuairisciú daoibh mura léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a theastaíonn faoin gCód, faoi mar a áirítear le Tuarascáil na Stiúrthóirí, gur chomhlíon an Grúpa alt 13.1 (iii) den Chód nó mura bhfuil sé comhsheasmhach leis an bhfaisnéis a bhfuilimid feachach uirthi ónár nobair iniúchta ar na ráitis airgeadais.

Deloitte
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla
Baile Átha Cliath

22 Márta 2016

AN CUNTAS COMHDHLÚITE BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS

	Nótaí	2015 €'m	2014 €'m
Cuntas Teicniúil			
Préimheanna Tuillte, glan ar Athárachas	2&3		
Préimheanna comhlána scríofa		1,426.6	1,445.0
Préimheanna árachais amach		(428.9)	(1,012.0)
Athrú ar an ollsoláthar le haghaidh préimheanna neamhthuillte		1.0	6.2
Athrú ar an soláthar le haghaidh préimheanna neamhthuillte, scair an atharachóra		(0.3)	144.0
Préimheanna Tuillte, glan ar Athárachas		998.4	583.2
Toradh ar infheistíocht leithdháilte a aistríodh ón gcuntas neamhtheicniúil		5.5	18.1
Ioncam teicniúil eile, glan ar athárachas	4&5	95.9	104.6
Ioncam Teicniúil Iomlán		1,099.8	705.9
Éilimh a tabhaíodh, glan ar athárachas	16		
Éilimh a íocadh – Suim chomhlán		(1,377.9)	(1,247.5)
Éilimh a íocadh – Scair an atharachóra		511.4	703.1
Athrú ar an soláthar le haghaidh éileamh – Suim chomhlán		99.7	(124.8)
Athrú ar an soláthar le haghaidh éileamh – Scair an atharachóra		(168.7)	138.6
	6	(935.5)	(530.6)
Glanspeansais oibriúcháin	7	(116.4)	(118.2)
Iarmhéid i gcuntas teicniúil an árachais sláinte		47.9	57.1
Cuntas Neamhtheicniúil			
Iarmhéid i gcuntas teicniúil an árachais sláinte		47.9	57.1
Ioncam ó infheistíocht	9	5.5	18.1
Toradh ar ioncam infheistíochta leithdháilte a aistríodh chuig an gcuntas teicniúil árachais		(5.5)	(18.1)
		47.9	57.1
Ioncam Eile	24	27.8	20.1
Speansais Eile	25	(22.1)	(15.2)
Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin		53.6	62.0
Cáin ar bharrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí	10	(8.1)	(7.5)
Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánach	11	45.5	54.5

Tá na gnóthachain agus caillteanais aitheanta ar fad don bhliain reatha agus don bhliain roimhe sin san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais. Is cuid dhílis de na cuntais seo na nótaí ar leathanaigh 31 go 54. D'fhaomh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus d'údaraigh siad iad le heisiúint an 22 Márta 2016.

AN CLÁR COMHDHLÚITE COMHARDAITHE

	Nótaí	2015 €'m	2014 €'m
Sócmhainní			
Infheistíochtaí			
Talamh agus foirgnimh	12	22.8	21.1
Infheistíochtaí airgeadais eile	13	1,124.2	1,110.6
		1,147.0	1,131.7
Scair an atharachóra de sholáthairtí teicniúla			
Soláthar le haghaidh préimheanna neamhthuillte		143.7	144.0
Éilimh gan íoc		176.4	345.1
	16	320.1	489.1
Féichiúnaithe			
Féichiúnaithe ag eascairt as oibríochtaí árachais		413.3	417.4
Féichiúnaithe ag eascairt as oibríochtaí atharachais		0.2	6.4
Féichiúnaithe eile	14	278.0	263.3
		691.5	687.1
Sócmhainní eile			
Sócmhainní seasta inláimhsithe	15	7.0	6.4
Airgead sa bhanc agus ar láimh		38.0	21.3
Sócmhainn cánach iarchurtha	17	0.8	0.9
		45.8	28.6
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe			
Ús fabhraithe		10.4	13.3
Costais éadála iarchurtha	18	4.4	4.2
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe eile		2.9	2.2
		17.7	19.7
Iomlán na sócmhainní		2,222.1	2,356.2

AN CLÁR COMHDHLÚITE COMHARDAITHE (AR LEANÚINT)

	Nótaí	2015 €'m	2014 €'m
Cothromas agus dliteanais			
Caipiteal agus cúlchistí			
Cúlchiste ginearálta		466.3	397.4
Ioncam cuimsitheach		55.3	68.9
Cistí Scairsealbhóra		521.6	466.3
Fofhiacha	23	90.0	–
Cistí scairsealbhóra agus fofhiacha		611.6	466.3
Soláthairtí teicniúla			
Soláthar le haghaidh préimh neamhthuillte	26	479.1	480.1
Éilimh gan íoc	16	549.0	648.6
	16	1,028.1	1,128.7
Cistí a siarchoinneáladh don Atharachóir		320.1	489.1
Creidiúnaithe			
Creidiúnaithe ag eascairt as oibríochtaí árachais díreacha		39.2	45.1
Creidiúnaithe agus fabhruithe eile	19	217.3	210.0
Rótharraingt bhainc dlíthe laistigh de bhliain amháin		0.2	0.4
		256.7	255.5
Dlíteanas sochar scoir	22	5.6	16.6
Dlíteanais iomlána agus cothromas scairsealbhóra		2,222.1	2,356.2

Is cuid dhílis de na cuntais seo na nótaí ar leathanaigh 31 go 54. D'fhaomh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus d'údaraigh siad iad le heisiúint an 22 Márta 2016. Sínte thar a cheann:



Liam Downey
Stiúrthóir

22 Márta 2016



Greg Sparks
Stiúrthóir

22 Márta 2016

CLÁR COMHARDAITHE AN BHOIRD

	Nótaí	2015 €'m	2014 €'m
Sócmhainní			
Infheistíochtaí airgeadais eile			
Infheistíocht i bhfochuideachtaí	13	479.7	481.7
		479.7	481.7
Iomlán na sócmhainní		479.7	481.7
Iomlán na sócmhainní			
Caipiteal agus cúlchistí			
Cúlchiste ginearálta		465.1	448.6
Ioncam cuimsitheach		9.0	16.5
Cistí Scairsealbhóra		474.1	465.1
Dlíteanas sochar scoir	22	5.6	16.6
Dlíteanais iomlána agus cothromas scairsealbhóra		479.7	481.7

Is cuid dhílis de na cuntais seo na nótaí ar leathanaigh 31 go 54. D'fhaomh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus d'údaraigh siad iad le heisiúint an 22 Márta 2016. Sínithe thar a cheann:



Liam Downey
Stiúrthóir



Greg Sparks
Stiúrthóir

AN RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREAFÁÍ AIRGID

	Nótaí	2015 €'m	2014 €'m
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	20	(61.2)	110.9
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta:			
Fáltais ó dhíol trealaimh		0.3	0.1
Ceannach réadmhaoine		(1.8)	(3.6)
Ceannach trealaimh		(4.5)	(2.8)
Ioncam ó infheistíocht agus ó dhíbhinn a fuarthas		23.9	23.4
Ceannach infheistíochtaí		(29.8)	(92.6)
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(11.9)	(75.5)
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe:			
lasachtaí nua a cruinníodh		90.0	–
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe		90.0	–
Glanmhéadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid		16.9	35.5
Airgead agus coibhéisí airgid amhail tús na bliana airgeadais		20.9	(14.6)
Airgead agus coibhéisí airgid amhail deireadh na bliana airgeadais		37.8	20.9
Réiteach airgid sa bhanc agus ar láimh			
Airgead sa bhanc agus ar láimh amhail deireadh na bliana airgeadais		37.8	20.9
Airgead agus coibhéisí airgid amhail deireadh na bliana airgeadais		37.8	20.9

RÁITEAS AN BHOIRD AR SHREAFÁÍ AIRGID

Níor ullmhaíodh ráiteas ar shreabhadh airgid do Bhord Vhi toisc go bhfuil sé ag glacadh le heisceacht ó shreafaí airgid a ullmhú faoi FRS 102 mar a ullmhaíonn cuntais chomhdhlúite don Bhord Árachais Shaorálaigh ráiteas ar shreabhadh airgid.

AN RÁITEAS COMHDHLÚITE AR ATHRUITHE AR CHOTHROMAS

	lomlán €'m
Amhail an 31 Nollaig 2013	388.9
Athrúithe ar athrú go FRS 102/103 (Nóta 29)	8.5
Amhail an 1 Eanáir 2014 mar a athshonraíodh	397.4
Barrachas don bhliain airgeadais	54.5
Gnóthachan achtúireach ar an gciste pinsin	14.4
Amhail an 31 Nollaig 2014	466.3
Barrachas don bhliain airgeadais	45.5
Gnóthachan achtúireach ar an gciste pinsin	9.8
Amhail an 31 Nollaig 2015	521.6

AN RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM CUIMSITHEACH

	2015 €'m	2014 €'m
Barrachas don bhliain airgeadais	45.5	54.5
Gnóthachan achtúireach	11.4	16.8
Cáin iarchurtha ar ghnóthachan achtúireach	(1.6)	(2.4)
lomlán	55.3	68.9

RÁITEAS AN BHOIRD AR ATHRUITHE AR CHOTHROMAS

	lomlán €m
Amhail an 31 Nollaig 2013	440.1
Athruithe ar athrú go FRS 102/103 (Nóta 29)	8.5
Amhail an 1 Eanáir 2014 mar a athshonraíodh	448.6
Barrachas don bhliain airgeadais	2.1
Gnóthachan achtúireach ar an gciste pinsin	14.4
Amhail an 31 Nollaig 2014	465.1
Caillteanas don bhliain airgeadais	(0.8)
Gnóthachan achtúireach ar an gciste pinsin	9.8
Amhail an 31 Nollaig 2015	474.1

RÁITEAS AN BHOIRD AR IONCAM CUIMSITHEACH

	2015 €m	2014 €m
Easnamh don bhliain airgeadais	(0.8)	2.1
Gnóthachan achtúireach	11.4	16.8
Cáin iarchurtha ar ghnóthachan achtúireach	(1.6)	(2.4)
lomlán	9.0	16.5

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. Beartais chuntasaíochta

Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh (Bord Vhi) faoin Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh, 1957 chun gníomhú mar Chomhlacht reachtúil chun árachas sláinte príobháideach a scríobh in Éirinn. Tugtar seoladh na hoifige cláraithe ar leathanach 57. Déantar cur síos ar chineál na n-oibríochtaí agus ar athbhreithniú oibríúcháin agus airgeadais Bhord Vhi i dtuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanach 18.

Bunús cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna choigeartú chun míreanna áirithe ag luach cóir a áireamh, agus de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 agus 103 (FRS 102 agus 103) arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (Financial Reporting Council), agus arna bhfógairt le húsáid in Éirinn ag Cuntasóirí Cairte Éireann. Tá an Bord faoi réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014 agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gnóthais Árachais: Ráitis Airgeadais) 2015. Ullmhaítear na cuntais ar bhonn comhdhlúite. Baintear gach idirbheart inghrúpa, iarmhéid, ioncam agus speansas nuair a chomhdhlúthaítear iad.

Athshonraíodh ráitis airgeadais na bliana airgeadais roimhe seo le haghaidh coigeartuithe ábhartha nuair a glacadh le FRS 102 agus 103 sa bhliain reatha airgeadais. Tá tuilleadh eolais le fáil i nóta 29.

Cuntasaíocht Díchumaisc

Achtaíodh an tAcht Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú) 2008 chun atheagrú reachtúil Bhord Vhi a éascú chun iarratas péire d'fhochuideachtaí Bhord Vhi ar údarú Bhanc Ceannais na hÉireann ("an Banc") a éascú. Corpraíodh Vhi Insurance DAC mar an t-aonán árachais agus corpraíodh Vhi Healthcare Limited mar an t-idirghabhálaí miondíola. De bharr ceanglais rialála, ní fhéadfaí roinnt de na gníomhaíochtaí coimhdeacha a dtugann Bord Vhi fúthu a aistriú go dtí na haonáin rialáilte sin. Dá bhrí sin corpraíodh roinnt fochuideachtaí eile i ngrúpa Vhi. Díchumascadh ráitis airgeadais Bhord Vhi (neamh-chomhdhlúite) mar a cuireadh i láthair iad don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014. Dá bhrí sin athshonraíodh figiúirí 2014.

Léiríonn ráitis airgeadais dhíchumaiscthe Bhord Vhi ioncam, speansas, sócmhainní agus dliteanais Bhord Vhi atá inchurtha go díreach. Mar mháthairchuideachta dheiridh ghrúpa Vhi leithdháileadh a shócmhainní agus a dhliteanais, a ioncam agus a speansas, ar fochuideachtaí agus dá bhrí sin taispeántar mar infheistíocht i bhfochuideachtaí iad.

Ceadaítear in Acht Vhi (Leasú) 2008 go n-aistrefaí sócmhainní agus dliteanais Bhord BHI le hoibriú dlí gan sonrú ná tiolacas sainráite ar dháta aistrithe a ainmneoidh an tAire. Cuireann an t-acht seo cosc ar ghluaiseacht an dliteanais pinsin. Dá bhrí sin níor leithdháileadh aon ghné den dliteanas pinsin atá i ráitis airgeadais Bhord Vhi ar na fochuideachtaí. Tá scair chomhréireach den chostas pinsin inchurtha i leith na bhfochuideachtaí le haghaidh gach bliana. Fanann an dliteanas pinsin le Bord Vhi.

Préimheanna Scríofa

Cuimsítear i bpréimheanna comhlána scríofa an t-ioncam préimhe infhaighte ó chomhaltaí i leith polasaithe a thosaigh sa bhliain airgeadais. Léirítear sna préimheanna neamhthuillte comhréir na bpréimheanna scríofa sa bhliain a bhaineann le téarma nach bhfuil caite na bpolasaithe i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe, á ríomh ar bhonn cionroinnt ama.

Éilimh a Tabhaíodh

Cuimsítear in éilimh a tabhaíodh éilimh agus speansas ghaolmhara a íocadh i rith na bliana, chomh maith le hathruithe ar sholáthairtí le haghaidh éilimh gan íoc, lena n-áirítear soláthairtí le haghaidh costas measta na n-éileamh a tuairiscíodh ach nár íocadh go fóill, na n-éileamh a taibhíodh ach nár tuairiscíodh agus speansas láimhseála ghaolmhara.

Léirítear san ollsoláthar le haghaidh éileamh an dliteanas measta ag eascairt as éilimh leighis a tabhaíodh sna blianta airgeadais reatha agus roimhe seo nár eascair éilimh íoctha astu go fóill. Áirítear sa soláthar liúntas le haghaidh speansas agus láimhseáil éileamh.

Meastar an soláthar le haghaidh éileamh bunaithe ar an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil chomh maith le faisnéis iardain agus le hiar-theagmhais. Áirítear coigeartuithe ar shuim an tsoláthair le haghaidh éileamh do bhlianta roimhe seo sa chuntas brabúis agus caillteanais sa bhliain airgeadais ina ndéantar an t-athrú.

Rioscaí nach bhfuil caite

Déantar soláthar, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil ar dháta an chláir chomhardaithe, le haghaidh aon easnamh mheasta frithgheallta a bhaineann le rioscaí nach bhfuil caite i ndiaidh an toradh ábhartha infheistíochta a chur san áireamh. Déantar toimhdí stuama ionas go mbeidh an soláthar leordhóthanach i droch-chúinsí is féidir a thuar go réasúnta.

Cánachas Iarchurtha

Soláthraítear cánachas iarchurtha ar dhifríochtaí uainithe idir an barrachas inchánach agus an barrachas mar a luaitear sna cuntais é. Déantar na soláthraí ag na rátaí cánachais a mheastar a bheidh i bhfeidhm sna blianta a mheastar go rachaidh na difríochtaí uainithe sa mhalairt treo. Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid gur dócha go n-aisghabhfar iad.

An Scéim Comhionannaithe Riosca

Cuimsítear i gCreidmheasanna Prémhe Comhionannaithe Riosca suimeanna infhaighte ón gCiste Comhionannaithe Riosca, arna riar ag an Údarás Árachais Sláinte, i leith polasaithe a thosaigh sa bhliain airgeadais. Léirítear sa soláthar le haghaidh creidmheasanna neamhthuillte comhréir na gcreidmheasanna scríofa sa bhliain a bhaineann le téarma nach bhfuil caite na bpolasaithe i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe, á ríomh ar bhonn cionroinnt ama. Cuimsítear sna Creidmheasanna um Úsáid Leaba Ospidéil suimeanna infhaighte ón gciste le haghaidh éileamh a íocadh i rith na bliana. Cuimsítear sa Tobhach Árachas Sláinte suimeanna iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim i leith polasaithe a thosaigh sa bhliain airgeadais. Léirítear sa soláthar le haghaidh tobhach neamhthuillte comhréir an tobhaigh scríofa sa bhliain a bhaineann le téarma nach bhfuil caite na bpolasaithe i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe, á ríomh ar bhonn cionroinnt ama. Aithnítear an ghlantairbhe ar bhonn préimheanna tuillte thar shaolré na bpolasaithe agus áirítear í mar ioncam teicniúil eile sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Sócmhainní Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag costas lúide dímhcas carntha. Déantar dímhcas a ríomh ar bhonn líne dhíreach d'fhonn an costas a bhaineann le sócmhainní a dhíscríobh thar a saolré úsáideach mheasta mar seo a leanas:

Mótarfheithicil	4 bliana
Bogearraí agus Trealamh Riomhaire	4 bliana
Troscán, feistis, trealamh leighis agus oifige	5 bliana

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

I gcás caiteachais a thabhaítear ar fhorbairt córais ríomhaireachta a bhfuil a shuim suntasach agus a mheastar go bhfuil tairbhe gheilleagrach leis don Bhord a mhairfidh níos mó ná bliain amháin sa todhchaí, déantar é a chaipitliú agus a dhímheas thar an mbliain a meastar go dtiocfaidh na tairbhí geilleagracha chun cinn. Tá an bhliain sin faoi réir ceithre bliana ar a mhéad. I gcás éiginnteachta maidir lena thairbhe gheilleagrach sa todhchaí, gearrtar an caiteachas ar an gcuntas brabúis nó caillteanais.

Sócmhainní agus dliteanais airgeadais:

Cuimsítear in infheistíochtaí an Bhoird fiacha agus infheistíochtaí cothromais, airgead agus coibhéisí airgid, agus infheistíocht i bhfochuideachtaí.

Aithnítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais nuair a dhéantar páirtí i bhforálacha conartha na hionstraime den Bhord. Aicmítear dliteanais airgeadais agus ionstraimí cothromais de réir bhunús na socruithe conartha a rinneadh. Is ionann ionstraim cothromais agus aon chonradh a léiríonn leas iarmharach i sócmhainní an Bhoird i ndiaidh a dhliteanais ar fad a bhaint.

Tomhaistear na sócmhainní agus dliteanais airgeadais ar fad ar dtús ag praghas an idirbhearta, seachas i gcás na sócmhainní airgeadais a aicmítear ag a luach cóir trí bhrabús nó chaillteanas, a thomhaistear ag a luach cóir ar dtús.

Sanntar agus tomhaistear ionstraimí fiachais ag a luach cóir trí bhrabús agus chaillteanas mar gur cuid de phunann iad a bhainistítear ar bhonn luacha chóir de réir bheartas infheistíochta agus bainistíochta riosca an Bhoird. Tomhaistear infheistíochtaí i ngnáthscaireanna ag a luach cóir agus aithnítear athruithe ar a luach cóir sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Cuirtear gnóthachain agus caillteanais aitheanta réadaithe agus neamhréadaithe ag eascairt as athruithe ar luach cóir infheistíochtaí i láthair sa chuntas brabúis agus caillteanais neamhtheicniúil sa bhliain ina dtarlaíonn siad. Aithnítear ioncam díbhinne agus úis nuair a thuilltear é. Aithnítear speansais bainistíochta infheistíochta agus speansais ghaolmhara eile nuair a thabhaítear iad.

Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais sa chás seo agus sa chás seo amháin: a) téann cearta conartha do na sreafaí airgid ón tsócmhainn airgeadais in éag nó socraítear iad, b) aistríonn an Bord rioscaí agus luach saothair uile na sócmhainne airgeadais go substaintiúil do pháirtí eile, nó c) aistríonn an Bord, d'ainneoin roinnt de rioscaí agus luach saothair suntasacha na húinéireachta a choinneáil, rialú na sócmhainne go páirtí eile agus tá an cumas praiticiúil ag an bpáirtí eile an tsócmhainn a dhíol ina hiomláine le tríú páirtí neamhbhainteach agus tá sé in ann an cumas sin a chur i bhfeidhm go haontaobhach gan aon ghá srianta breise a chur i bhfeidhm ar an aistriú.

Ní dhí-aithnítear dliteanais airgeadais ach nuair a urscaoiltear an oibleagáid a shonraítear sa chonradh, nuair a chuirtear ar ceal í nó nuair a théann sí in éag.

Is é an fhianaise is fearr ar luach cóir praghas luaite ar shócmhainn chomhionann i margadh gníomhach. Nuair nach bhfuil fáil ar phraghsanna luaite, cuireann praghas idirbhearta a rinneadh le deireanaí le haghaidh sócmhainn chomhionann fianaise ar luach cóir ar fáil fad is nár tharla athrú suntasach ar chúinsí geilleagracha nó fad is nach bhfuil an t-achar ama ó tharla an t-idirbhearta rófhada. Mura bhfuil an margadh gníomhach agus nach leor na hidirbhearta le deireanaí le haghaidh sócmhainn chomhionann astu féin mar mheastachán maith ar luach cóir, measann an Bord an luach cóir trí theicníc luachála a úsáid.

Úsáideann na stiúrthóirí a mbreithiúnas chun teicníc luachála oiriúnach a roghnú. Nuair is féidir, marcáiltear ionstraimí airgeadais ag praghsanna a luaitear i margatí gníomhacha. I gcásanna áirithe, ní bhíonn eolas den sórt sin ar phraghsanna ar fáil le haghaidh na n-ionstraimí ar fad agus úsáideann an Bord teicníc luachála chun ionstraimí dá leithéid a thomhas. Úsáideann na teicnící sin “ionchuir inbhraite margatí” nuair a bhíonn siad ar fáil, arna ndíorthú ó shócmhainní cosúla i margatí cosúla agus gníomhacha, ó phraghsanna idirbhearta le deireanaí ó earraí inchomparáide nó ó shonraí margatí inbhraite eile. Sa chás nach bhfuil sonraí tagartha inbhraite ar fáil do roinnt de na paraiméadair, nó dóibh ar fad, measann an Bord na hionchuir inbhraite neamh-mhargaidh a úsáidtear ina samhlacha luachála.

Bunaítear le FRS 102 ordlathas luacha chóir a thugann tús áite do na hionchuir i dteicnící luachála a úsáidtear chun luach cóir a thomhas. Tugtar an tosaíocht is airde san ordlathas do phraghsanna luaite nach bhfuil coigeartaithe i margatí gníomhacha ar shócmhainní chomhionann nó ar dhliteanais chomhionann (Leibhéal A) agus an tosaíocht is ísle d'ionchuir dho-bhraite (Leibhéal C). Is iad seo a leanas na trí leibhéal san ordlathas luacha chóir:

- Leibhéal A – Praghsanna luaite ar shócmhainn chomhionann i margadh gníomhach. Ciallaíonn luaite i margadh gníomhach sa chomhthéacs seo praghsanna luaite atá ar fáil go héasca agus go rialta agus léiríonn na praghsanna sin fíor-idirbhearta margaidh a tharlaíonn go rialta ar neamhthuilleamaí.
- Leibhéal B – Nuair nach bhfuil fáil ar phraghsanna luaite, cuireann praghas idirbhearta a rinneadh le deireanaí le haghaidh sócmhainn chomhionann fianaise ar luach cóir ar fáil fad is nár tharla athrú suntasach ar chúinsí geilleagracha nó fad is nach bhfuil an t-achar ama ó tharla an t-idirbhearta rófhada. Más féidir a léiriú nach meastachán maith ar luach cóir é an praghas idirbhearta deireanach (e.g. mar go léiríonn sé an tsuim a gheobhadh nó a d'íocfadh aonán in idirbhearta éigeantach, i leachtú neamhdheonach nó i ndíol faoi bhroid), coigeartaítear an praghas sin.
- Leibhéal C – Mura bhfuil an margadh don tsócmhainn gníomhach agus nach leor na hidirbhearta le deireanaí le haghaidh sócmhainn chomhionann astu féin mar mheastachán maith ar luach cóir, meastar an luach cóir trí theicníc luachála a úsáid. Is é an cuspóir atá le teicníc luachála a úsáid ná meastachán a fháil ar an bpraghas idirbhearta a d'úsáidí ar an dáta tomhais i malartú ar neamhthuilleamaí arna spreagadh ag gnáthbhreithniúcháin ghnó.

Úsáidtear ionchuir chun na teicnící éagsúla luachála a chur i bhfeidhm agus tagraíonn siad go ginearálta do na toimhdí sin a úsáideann rannpháirtithe margaidh chun cinntí luachála a dhéanamh, lena n-áirítear toimhdí faoi riosca. D'fhéadfaí a áireamh le hionchuir faisnéis praghais, staitisticí luaineachta, cuair toraidh, raonta difríochta creidmheasa, staitisticí leachtachta agus tosaíochta eile. D'fhéadfadh teicnící difriúla luachála meastacháin dhifriúla ar luach cóir a thabhairt.

Talamh agus foirgnimh

Luacháiltear talamh agus foirgnimh go bliantúil ar bhonn luach an mhargaidh oscailte. Déanann luachálaithe neamhspleách a atá cáilithe go gairmiúil agus a bhfuil taithí acu le deireanaí ar shuíomh agus ar aicme na réadmhaoine infheistíochta na luachálacha. Cothabháiltear na réadmhaoine ar fad i staid leanúnach de dheachaí. Dá bharr sin, creideann na stiúrthóirí go bhfuil saolré gheilleagrach agus luach iarmharach na réadmhaoine sin chomh maith sin nach bhfuil an dhímheas suntasach agus ní chuirtear ar fáil é dá bhrí sin.

Infheistíocht i bhfochuideachtaí

Aithnítear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ag a gcostas ar dtús. Ag deireadh gach bliana, déanann na stiúrthóirí athbhreithniú ar na hinfeistíochtaí a rinneadh le haghaidh fianaise oibiachtúil ar bhearnú agus aithnítear aon bhearnú sa bhrabús agus chaillteanas láithreach.

Airgead agus coibhéisí airgid:

Cuimsítear in airgead agus coibhéisí airgid airgead ar láimh agus taiscí prapéilimh agus infheistíochtaí gearrthéarmacha fíorleachtacha eile atá inmhalartaithe go héasca go suim airgid ar eolas agus atá faoi réir riosca neamhshuntasach athraithe ar an luach.

Bearnú

Déantar measúnú ar shócmhainní airgeadais, seachas iad siúd ag luach margaidh, le haghaidh táscairí bearnaithe ar gach dáta de chuid an chlár chomhardaithe. Bíonn sócmhainní airgeadais bearnaithe nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ar bhearnú ann de thoradh teagmhas amháin nó níos mó a tharla tar éis aithint tosaigh na sócmhainne airgeadais, agus go mbíonn tionchar ag an teagmhas (nó teagmhais) ar shreafaí measta airgid sa todhchaí.

Ioncam ó Infheistíocht

Glactar leis go n-áirítear in ús ar stoic úis sheasta agus ar éarlaisí bainc ioncam mar a thuilltear é ó lá go lá. Déantar gach ioncam ó Infheistíocht a chur chun cuntais ar bhonn fabhrúithe. Áirítear ioncam ó chothromais ar bhonn na ndíbhinní a fuarthas i rith na bliana airgeadais.

Toradh ar Infheistíocht

Tuairiscítear ar thorthaí oibríochta ar bhonn an toraidh iarmhír ar infheistíocht. Cuimsítear i dtoradh ar infheistíocht díbhinní, ús, gnóthachain agus caillteanas réadaithe, agus gnóthachain agus caillteanas neamhréadaithe ar shócmhainní luacha chóir.

Tá leithdháileadh an toraidh ar infheistíocht ón gcuntas neamhtheicniúil go dtí an cuntas teicniúil bunaithe ar thoradh ar infheistíochtaí is inchurtha i leith an ghnó árachais.

Pinsean

Tá fostaithe áirithe de ghrúpchuideachtaí Vhi páirteach i scéim pinsin le sochar sainithe Bhord Vhi.

Meastar an costas a bhaineann le sochair a sholáthar agus dliteanas na bpleananna le sochar sainithe ag úsáid mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa, agus tugtar faoi luachálacha achtúireacha ar gach dáta de chuid an chlár chomhardaithe.

Aithnítear costas seirbhíse reatha, costas úis agus toradh ar shócmhainní scéime i gcuntas brabúis agus caillteanas Bhord Vhi. Aithnítear gnóthachain agus caillteanas achtúireacha sa ráiteas ar ghnóthachain agus chaillteanas aitheanta iomlána Bhord Vhi. Aithnítear costas seirbhíse san am atá thart láithreach. Aithnítear an glanbharrachas nó glanearnamh ar an scéim pinsin le sochar sainithe, glan ar cháin iarchurtha, ar chlár comhardaithe Bhord Vhi.

Feidhmíonn Bord Vhi scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe freisin d'fhostaithe incháilithe a roghnaíonn ballraíocht a fháil ann.

Coinnítear sócmhainní na bpleananna ar leithligh ó shócmhainní Bhord Vhi i gcistí faoi smacht lontaobhaithe na Scéime. Gearrtar costais a eascraíonn as scéimeanna pinsin ar chuntas brabúis agus caillteanas Bhord Vhi mar speansas de réir mar a bhíonn siad dlite.

Aithníonn fochuideachtaí Bhord Vhi costais ar ionann iad

agus a ranníocaíocht inioctha mar fhostóir dá bhfostaithe leis an scéim ina gcuntais brabúis agus caillteanas.

Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile sa chuntas brabúis agus caillteanas sa bhliain ina dtuilltear é agus léiríonn sé an luach a gearradh sa sonrasc agus luach oibre idir lámha na seirbhísí a soláthraíodh ar leith ó cháin bheirsluacha.

Costais Éadála Iarchurtha

Cláraítear mar chaiteachas na costais a thabhaítear i rith na bliana airgeadais atá inchurtha go díreach i leith fáil gnó nua sa bhliain chuntasaíochta chéanna a dtuilltear na préimheanna lena mbaineann siad. Aithnítear gach costas éadála eile mar speansas nuair a thabhaítear iad. I ndiaidh iad a aithint ar dtús, iarchuirtear na costais seo ar cóimhéid leis an soláthar do phréimheanna neamhthuillte. Is é sin, is é an tsuim a iarchuireadh an chomhréir de na costais éadála iomlána a sheasann an soláthar le haghaidh préimheanna neamhthuillte do phréimheanna scríofa comhlána. Athbhreithnítear costais éadála iarchurtha ag deireadh gach bliana tuairiscithe agus scríobhtar iad nuair nach meastar a thuilleadh go bhfuil siad in-aisghabhála ó chorráigh a bheidh ann sa todhchaí meastar.

Soláthairtí le haghaidh Dliteanas

Áiríodh soláthairtí le haghaidh oibleagáidí reatha ar eolas ag eascairt as teagmhais san am atá thart bunaithe ar mheastacháin an lucht bainistíochta, ag cuimsiú athbhreithniú ar fhaisnéis atá ar fáil agus comhairle sheachtrach oiriúnach nuair atá sí ar fáil.

Athárachas

Baineann coimisiúin athárachais le coimisiún athárachais agus le rannpháirtíocht brabúis fabhrúithe ar bhonn na bpréimheanna géillte agus na n-éileamh aisíochta agus cuirtear i láthair iad sa chuntas brabúis agus caillteanas in ioncam teicniúil eile.

Aithnítear préimheanna inioctha i leith athárachas géillte sa tréimhse ina gcuirtear tús leis an gconradh athárachais. Aithnítear soláthar teicniúil, scair an athárachóra de phréimheanna neamhthuillte, le haghaidh chuid na bpréimheanna géillte atá fágtha ar chonarthaí nach bhfuil caite.

Aithnítear soláthar teicniúil breise, scair an athárachóra d'éilimh gan íoc, chun léiriú a thabhairt ar an tsuim a mheastar atá in-aisghabhála faoi na conarthaí athárachais i leith na n-éileamh gan íoc a dtuairiscítear orthu faoi dhliteanas árachais. Déantar an tsuim is in-aisghabhála ó athárachóirí a luacháil ar dtús ar an mbonn céanna leis an soláthar bunúsach d'éilimh. Laghdaítear an tsuim in-aisghabhála nuair a thagann teagmhas chun cinn tar éis na haitheanta tosaigh a chuireann fianaise oibiachtúil ar fáil go mb'fhéidir nach bhfaighidh an Bord na suimeanna dlite ar fad faoin gconradh agus go bhfuil tionchar intomhaiste réasúnta ag an teagmhas ar an tsuim a mheastar a bheidh in-aisghabhála ón athárachóir.

Cistí a siarchoinneáladh ón Athárachóir

Tá an conradh athárachais ar bhonn cistí a siarchoinneáladh. Faoi na comhaontuithe, coinníonn Vhi préimheanna atá cothrom ar a laghad leis an tsócmhainn athárachais i gcónaí.

Cánachas

Tá an muirear cánachais bunaithe ar an mbarrachas coigeartaithe don cháin don bhliain arna ríomh ag rátaí reatha. Foráiltear don cháin reatha ag suimeanna a mheastar a íocfar nó a aisghabhfar ag úsáid na ndlíthe agus na rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil faoi dháta an chlár chomhardaithe.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

2. Mionsonraí Gnó

Anailís ar phréimh chomhlán scríofa de réir suíomh tíreolaíoch:

	2015 €'m	2014 €'m
Éire	1,426.6	1,445.0
Iomlán	1,426.6	1,445.0

Anailís ar phréimh chomhlán scríofa, ar phréimh chomhlán thuillte, ar éilimh chomhlána thabhairthe, ar speansais chomhlána oibriúcháin agus ar iarmhéid athárachais le haghaidh ghnó árachas sláinte Bhord Vhi:

	2015 €'m	2014 €'m
Préimh chomhlán thuillte	1,427.6	1,451.2
Ioncam teicniúil comhlán eile	70.4	71.8
Éilimh chomhlána thabhairthe	(1,278.3)	(1,372.3)
Speansais oibriúcháin chomhlána	(115.8)	(118.2)
Iarmhéid athárachais	(61.7)	4.0
Iomlán	42.2	36.5

3. Préimh thuillte

Árachas sláinte is ea gnó árachas Bhord Vhi agus baineann préimh thuillte leis an aicme ghnó sin. Scríobhtar an gnó ar fad i bPoblacht na hÉireann.

4. Ioncam teicniúil eile, glan ar athárachas

	2015 €'m	2014 €'m
Creidmheasanna Prémhe Comhionannaithe Riosca/Creidmheasanna Cánach Aoischoibhneasa		
An Scéim Comhionannaithe Riosca – comhlán (nóta 5)	70.4	71.8
An Scéim Comhionannaithe Riosca – scair an athárachóra (nóta 5)	(21.1)	(43.1)
Coimisiúin athárachais	46.6	75.9
	95.9	104.6

5. An Scéim Comhionannaithe Riosca

	2015 €'m	2014 €'m
Creidmheasanna Préimhe Comhionannaithe Riosca		
Suim Chomhlán	364.6	351.9
Scair an Atharachóra	(109.4)	(211.1)
Creidmheasanna Préimhe Comhionannaithe Riosca		
Suim Chomhlán	56.7	44.7
Scair an Atharachóra	(17.0)	(26.8)
Tobhach Árachas Sláinte		
Suim Chomhlán	(350.9)	(324.8)
Scair an Atharachóra	105.3	194.9
	49.3	28.8

Creidmheasanna Préimhe Comhionannaithe Riosca

Tá na Creidmheasanna Préimhe Comhionannaithe Riosca infhaighte ón gCiste Comhionannaithe Riosca do gach duine faoi árachas atá os cionn 60 bliain d'aois. Leagtar amach na rátaí san fhaisnéis fhorlíontach leis na nótaí seo. Ba é luach an tsoláthair le haghaidh creidmheasanna préimhe neamhthuillte ag deireadh na bliana 2015 €112.2m (2014: €117.1m).

Creidmheasanna um Úsáid Leaba Ospidéil

Chomh maith leis an gcreidmheas préimhe, tá Creidmheas um Úsáid Leaba Ospidéil infhaighte ón gCiste Comhionannaithe Riosca freisin. Leagtar amach na rátaí san fhaisnéis fhorlíontach leis na nótaí seo.

Tobhach Árachas Sláinte

Faoi théarmaí an Achta Airgeadais, 2013, tá Tobhach mar dhleacht stampa iníoctha nuair a athnuaitear nó nuair a thosaítear polasaí árachas sláinte príobháideach idir an 1 Eanáir 2013 agus an 31 Márta 2013. Ón 1 Aibreán 2013, tugadh dara ráta níos ísle de thobhach dleacht stampála isteach i gcás polasaithe a measadh gur cumhdach gnáthleibhéil a sholáthraítear. Cuireadh athruithe eile i bhfeidhm ar na rátaí ón 1 Márta 2014 agus ón 1 Márta 2015. Leagtar amach na rátaí a bhaineann leis an tobhach sin san fhaisnéis fhorlíontach leis na nótaí seo. Cé go bhfuil an tobhach iníoctha go hiomlán nuair a athnuaitear nó nuair a thosaítear an polasaí, cláraítear mar chaiteachas é thar shaolré an pholasaí agus amhail an 31 Nollaig 2015 b'ionann an chuid den tobhach nach bhfuil caite agus €115.0m (2014: €115.1m)

6. Éilimh a tabhaíodh

Déanann na Stiúrthóirí measúnú gach bliain an dtabhóidh sé caillteanais ar an gcuid neamhchaite de chonarthaí reatha nó ar chonarthaí nach mór dó tús a chur leo nó iad a athnuachan. Bunaítear meastachán na gcaillteanas féideartha sin ar shamhail a úsáideann caighdeáin achtúireachta oiriúnacha. Baineann an phríomh éiginnteacht le costas agus le méid na n éileamh sa todhchaí. Is ionann an méid a soláthraíodh amhail Nollaig 2015 agus €0m (2014: €0m).

7. Glanspeansais oibriúcháin

	2015 €'m	2014 €'m
Costais éadála	13.1	12.8
Athrú ar chostais éadála	(0.2)	0.4
Speansais riaracháin	102.8	102.6
Speansais oibriúcháin chomhlána	115.7	115.8
Ús	0.7	2.4
Glanspeansais oibriúcháin	116.4	118.2

Áirítear le speansais riaracháin don bhliain 2014 táille socraithe atharachais.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

8. Luach Saothair Stiúrthóirí

	2015 €'m	2014 €'m
Sochair Saothair		
Sochair saothair chomhiomlána a d'foc Vhi le Stiúrthóirí	1.0	0.4
